



IPA
AN FORAS RIARACHÁIN
INSTITUTE OF PUBLIC
ADMINISTRATION

TUARASCÁIL
BHLIANTÚIL
2014

UACHTARÁN

An tUas. Tom Considine
Iar-Ardúnaí An Roinn
Airgeadais

LEAS-UACHTARÁIN

Eddie Breen
Donal Connell
Martin Fraser

Owen Keegan
Dermot McCarthy
Tony O'Brien

Geraldine Tallon
John Tierney
Robert Watt

BAILL AN BHOIRD

Niamh O'Donoghue (Cathaoirleach)
Brian Cawley (Ard-Stiúrthóir)
Elizabeth Adams (Ceaptha Meith. 2014)
Donal Callanan (Ceaptha Meith. 2014)
Donal Connell (Scortha Meith. 2014)
Raymond Dolan
Breeda Doyle (Scortha Meith. 2014)
David Feeney
Jim Fleming (Scortha Iúil 2014)
Owen Keegan (Ceaptha Meith. 2014)
Connie Kelleher

Paul Lemass (Ceaptha Deir. Fómh. 2014)
Michael Malone (Scortha Bealt. 2014)
John McCarthy (Scortha Bealt. 2014)
Brian Nolan (Scortha Meith. 2014)
Peter Nolan (Scortha Meith. 2014)
Martin O'Halloran
Siobhan O'Halloran (Ceaptha Meith. 2014)
Caroline O'Regan (Ceaptha Deir. Fómh. 2014)
Colin Scott (Ceaptha Meith. 2014)
Julie Sinnamon (Ceaptha Meith. 2014)
Frances Spillane (Scortha Meith. 2014)

FOCHOISTÍ AN BHOIRD**AN COISTE AIRGEADAIS AGUS STRAITÉISE**

Niamh O'Donoghue (Cathaoirleach)
Mark Callanan (Ceaptha Meith. 2014)
Brian Cawley
Donal Connell (Scortha Meith. 2014)
Breeda Doyle (Scortha Meith. 2014)

David Feeney
Owen Keegan (Ceaptha Meith. 2014)
Paul Lemass (Ceaptha Deir. Fómh. 2014)
Michael Malone (Scortha Bealt. 2014)
John McCarthy (Scortha Bealt. 2014)
Julie Sinnamon (Ceaptha Meith. 2014)

AN COISTE RIARACHÁIN

Niamh O'Donoghue (Cathaoirleach)
Elizabeth Adams (Ceaptha Meith. 2014)
David Feeney

Martin O'Halloran (Ceaptha Meith. 2014)
Caroline O'Regan (Ceaptha Deir. Fómh. 2014)

AN COISTE INIÚCHÓIREACHTA

Raymond Dolan (Cathaoirleach)
Elizabeth Adams (Ceaptha Meith. 2014)
Jim Fleming (Scortha Iúil 2014)
Connie Kelleher

Brian Nolan (Scortha Meith. 2014)
Siobhan O'Halloran (Ceaptha Meith. 2014)
Colin Scott (Ceaptha Meith. 2014)
Frances Spillane (Scortha Meith. 2014)

COISTÍ AN FHORAIS**AN COISTE OIDEACHAIS**

Frank Murray (Cathaoirleach)
Brian Cawley
Dermot Clynes
David Cowhig (Scortha Deir. Fómh. 2014)
Tony Donohoe
John Harper
Aidan Horan
Mark Kehoe
Ian McKenna

Martina Moloney (Scortha Meith. 2014)
Michael Mulreany
Sean Murphy (Ceaptha Deir. Fómh. 2014)
Seamus Nealy (Ceaptha Meith. 2014)
Jack Nolan
Moling Ryan
John Twomey
Noel Waters

AN COISTE FOILSITHEOIREACHTA LEABHAR

Maurice Manning (Cathaoirleach)
Richard Boyle
John Curry
Dónal de Buitléir

Tom Fennell
Paul Haran
Blathna Ruane


















AN FORAS RIARACHÁIN

57 - 61 Bóthar Lansdún, Baile Átha Cliath 4
Teil + 353 1 240 3600
Facs + 353 1 668 9135

R-phost information@ipa.ie
Idirlíon www.ipa.ie

CLÁR AN ÁBHAIR

	RÉAMHRÁ	05
	TUARASCÁIL AN ARD-STIÚRTHÓRA	07
	OIDEACHAS	10
	TAIGHDE	13
	OILIÚINT & FORBAIRT	17
	SEIRBHÍSÍ IDIRNÁISIÚNTA	20
	SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE & FAISNÉISE	22
	FOILSITHEOIREACHT	24
	DÁMHACHTAINÍ & BUAITEOIRÍ DUAISEANNA	26
	FOR-ROCHTAIN	29
	RIALACHAS & RIARACHÁN AN FHOIRIS	31
	FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS	36
	RÁITIS AIRGEADAIS	39
	BAINISTÍOCHT SHINSEARACH AN FHOIRIS	61





RÉAMHRÁ

RÉAMHRÁ

Ina chuid focal deiridh le tuarascáil de chuid an Fhoras Riaracháin ar *Threochtaí san Earnáil Phoiblí 2014*, inar tuairiscíodh go raibh iontaoibh agus muinín i riarachán poiblí na hÉireann ag méadú agus feabhas ag teacht ar airgeadas poiblí, dúirt an Dr Richard Boyle: 'Tá roinnt comharthaí ann go meastar go bhfuil feabhas tagtha ar ghnéithe cáilíochta le trí bliana anuas. Ó tá laghdú tagtha ar an líon daoine atá fostaithe sa tseirbhís phoiblí le roinnt blianta anuas agus ag an am céanna tá méadú tagtha ar an bpobal agus an éileamh ar sheirbhísí, ní beag an t-éacht é go bhfuil feabhas tagtha, ina leithéid de chúinsí, ar cháilíocht na seirbhíse poiblí i gcomparáid le tíortha eile san Eoraip.'

Go deimhin, is suntasach é leithne na n-athruithe agus an athchóirithe ar earnáil phoiblí na hÉireann thar tréimhse go maith gairid, rud a chabhraigh chun bunús a chur faoin téarnamh eacnamaíochta a mhothaíomar ar dtús in 2014. Ní hamháin gur lean an Foras Riaracháin an dul chun cinn seo agus gur choinnigh sé súil air, ach chuir sé leis an bpróiseas seo an athraithe agus an athchóirithe trína chuid seirbhísí oiliúna, oideachais agus comhairleoireachta.

Ó bunaíodh an Foras tá naisc thar a bheith láidir aige le hearnálacha éagsúla na seirbhíse poiblí agus táid sin á chothabháil aige i gcónaí. Dá thoradh sin tá ionad ar leith ag an bhForas sa tslí go bhfuil tuiscint aige ar cheisteanna na linne seo, agus chun dul i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí na seirbhíse poiblí agus iad ag iarraidh tabhairt faoi dhúshláin nua difriúla. Chomh maith leis sin, is ábhar mórtais don bhForas a chur chuige pearsantaithe i leith seachadadh a chuid cláir oiliúna agus oideachais.

Bhí fianaise láidir ar na tréithe seo go léir againn le linn 2014. Thug an Foras Riaracháin seirbhísí do líonraí rialachais agus ceannaireachta, do ghrúpa príomhfheidhmeannach na gcomhlachtaí stáit tráchtála, bhí sé mar óstach ar roinnt seimineár agus comhdhála tábachtacha ar théamaí faoi dheachleachtas sa riarachán poiblí, agus chuaigh sé i gcomhpháirtíocht le réimse eagraíochtaí seirbhíse poiblí ar nós na Príomhoifige Staidrimh, maidir leis an Dioplóma i Staidreamh Oifigiúil, agus Oifig Fear an Phobail, maidir le Comhdháil Náisiúnta bliantúil an Fhorais. I mí na Nollag bronnadh dámhachtain ar bhreis is 700 réamhchémithé ag searmanas i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. Lena chois sin thacaigh an Foras le próiseas an athchóirithe phoiblí trí thionscnaimh ar sheirbhísí roinnte, comhaontuithe leibhéal seirbhíse, coistí iniúchóireachta agus athchóirithe airgeadais.

Cé go raibh dlúthcheangal riamh ag an bhForas le cleachtas na seirbhíse poiblí tá iarracht á déanamh aige le roinnt blianta anuas, agus mar chuid dá straitéis reatha, é féin a bhunú ó thaobh cúrsaí acadúla de, mar an ghníomhaireacht d'fhorbairt ghairmiúil don tseirbhís phoiblí. Rinneadh seo d'fhonn tacú leis na bunphrionsabail seo: dul chun cinn, aistriú, solúbthacht rochtana, agus speisialú maidir le hoiliúint agus oideachas a chur ar fhostaithe na seirbhíse poiblí. Baineadh sprioc eile amach ar an turas seo in 2014 nuair a síníodh comhaontú comhpháirtíochta foirmiúil le Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath. Cuirfidh seo leis na naisc láidre atá ag an bhForas cheana féin leis an tseirbhís phoiblí sa mhéid go dtugann sé bealach chuig saineolas teagaisc agus taighde di laistigh d'ollscoil mhór. Léiríonn an fhorbairt seo leis, an treocht in oideachas tríú leibhéal, comhdhlúthú agus comhpháirtíochtaí a dhéanamh, agus cabhraíonn sé leis an bhForas ionad maith a fháil do na blianta atá romhainn.

Léiríonn an t-eispéireas atá ag an bhForas Riaracháin le cúig bliana anuas eispéireas na seirbhíse poiblí go ginearálta. Tréimhse í seo ina raibh comhdhlúthú airgeadais agus athdhaingniú ar siúl, mar aon le móráthruithe eagraíochtúla, ach mar sin féin ba thréimhse an nuála í chomh maith. Is onóir don bhForas agus dá fhoireann é gur chuir sé seirbhísí agus cláir nua ar fáil le linn dó tabhairt faoi athruithe suntasacha inmheánacha, chun tacú le cliant in aimsir a raibh dianathrú agus dúshláin mhóra rompu. Thug cliant an Fhorais tacaíocht don bhForas leis, thar an tréimhse seo agus is léir sin dom ó bhreithniúcháin an Bhoird a ionadaíonn féin earnálacha éagsúla na seirbhíse poiblí.

Chríochnaigh céim amháin ag deireadh na bliana seo agus thosaigh céim eile. Tá seirbhís phoiblí na hÉireann agus an Foras ag tabhairt faoi chéim eile a chuirfidh dúshláin romhainn agus a éileoidh freagraí eile. Ach d'ainneoin na ndeacrachtaí a bhí ann le roinnt blianta anuas tá an Foras Riaracháin ag teacht chuige agus ag dul i láidreacht le soiléire nua maidir lena mhisean agus a ról, le dlúthnaisc leis an tseirbhís phoiblí agus leis an saol acadúil. Tá meas idirnáisiúnta air agus tá sé in ionad maith chun leas a bhaint as na deiseanna nua atá roimhe.

Is ionann an gaol láidir sin idir an Foras Riaracháin agus a chuid cliant sa tseirbhís phoiblí - mar aon le tiomantas na foirne atá ann i gcónaí, do phríomh-mhisean an Fhorais arb é tacú le feabhsú agus forbairt an riaracháin phoiblí - is ionann é agus acmhainn iontach a bheidh ag freastal ar an tseirbhís phoiblí ar feadh na mblianta fada amach romhainn.



AN BANBHARÚN NUALA O'LOAN

Cainteoir, Comhdháil Náisiúnta 2014 an Fhoras Riaracháin, *Held to Account: Responsibility and Accountability in the Public Service*.



NIAMH O'DONOGHUE

Cathaoirleach

NIAMH O'DONOGHUE

Cathaoirleach



TUARSCÁIL AN ARD-STIÚRTHÓRA

TUARASCÁIL AN ARD-STIÚRTHÓRA

Ag tús na bliana 2011, mar thoradh ar phróiseas mór comhairliúcháin, d'fhoilsíomar straitéis chorparáideach nua don tréimhse 2011-2015 dar teideal *Forbairt Ghairmiúil agus Athnuachan na Seirbhíse Poiblí*. Go hachomair, agus mar a chuireann an teideal in iúl, ghabh an Foras air leis an straitéis seo é féin a chur in ionad na príomhghníomhaireachta d'fhorbairt ghairmiúil don tseirbhís poiblí. Agus tábhacht na foghlama ar feadh an tsaoil sa tseirbhís poiblí á haithint aici, theastaigh ón straitéis ionad níos láidre a thabhairt don bhForas i réimse na gclár creidiúnaithe agus na forbartha gairmiúla leanúnaí don earnáil poiblí (lena n-áirítear creidiúnú ó chomhlachtaí gairmiúla agus ón earnáil ollscoile). Mar sin féin, aithníodh sa straitéis leis, gur sainmharc institiúide cosúil leis an bhForas é, mar eagraíocht atá dírithe ar fhorbairt ghairmiúil, teagmháil leanúnach ghníomhach phraiticiúil a bheith aige le córas an riaracháin poiblí.

Bliain thábhachtach eile ab ea 2014 i gcur i ngníomh na straitéise sin. Síníodh meamram comhaontaithe le Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath in 2014 a rinne foirmiúil an comhaontas straitéiseach leis an ollscoil a cuireadh tús leis in 2011. Faoi choimirce an chomhaontais straitéisigh sin faomhadh plean meántréimhseach um chreidiúnú clár oideachais nua agus athbhreithnithe de chuid an Fhorais. Léiríonn an plean an treocht chuig níos mó speisialú eolais agus scileanna i seirbhís poiblí na hÉireann. Tá réimse dioplómaí iarchéime gairmiúla agus sainsruthanna ann ar cuireadh tús le cuid díobh an bhliain acadúil seo.

I mí Mheithimh bhain an chéad ghrúpa daoine an Dioplóma i Staidéar Gnó dár gcuid amach in Ollscoil Nanchang na Síne agus tá cuid de na céimithe seo inár gclár Baitsiléir Staidéir Ghnó anois ag an bhForas Riaracháin i mBaile Átha Cliath chun a gcuid staidéar a chríochnú. Is é seo an chéad ghrúpa de mhic léinn ón tSín atá i mbun staidéir lánaimeartha ag an bhForas. Cláraigh líon ba mhó ná riamh mac léinn sa chlár seimeastar thar lear ó na SA ina dtagann mic léinn ó ollscoileanna sna SA chun tabhairt faoi staidéar ag an bhForas Riaracháin chun cuid dá gcéim mháistreachta a chríochnú. Léiríonn an méadú ar líon na mac léinn go dtáinig Ollscoil California isteach sa chlár.


Lena chois sin glacadh céimeanna tosaigh sa bhliain chun daoine nua a earcú sa tseirbhís poiblí, rud nach ndearnadh le roinnt blianta anuas. Thacaigh an Foras Riaracháin leis seo trí clár ionduchtúcháin do chéimithe a dhearadh a earcaítear isteach sa rialtas áitiúil, agus do tríú rúnaithe nua-earcaithe sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, chomh maith.

Chríochnaigh ár n-Aonad Taighde roinnt tuairiscí taighde tábhachtacha le linn na bliana a bhí mar bhonn eolais ag próiseas leanúnach an athchóirithe ar an earnáil poiblí. Áiríodh orthu seo Treochtaí san Earnáil Phoiblí (*Public Sector Trends*), an t-athbhreithniú idirnáisiúnta bliantúil comparáideach ar threochtaí maidir le toirt, costas, cáilíocht agus leibhéal muiníne san earnáil poiblí. Lena chois sin léiríodh tuairimí feidhmeannach sinsearach ó gach cuid den earnáil poiblí sa staidéar *Public Sector Reform in Ireland: Views and Experiences from Senior Executives* a bhí nasctha le suirbhé níos mó i dtíortha eile den AE.

Chríochnaigh grúpa saineolaithe seachtracha athbhreithniú ar ár ngníomhaíocht foilsitheoireachta in 2014 agus rinne siad roinnt moltaí atá á gcur i ngníomh, m. sh. gabháil ar aghaidh chuig foilsitheoireacht ar líne, ár ndialann *Administration* san áireamh. Lena chois sin foilsíodh roinnt teideal leabhair nua.

Den chéad uair bhí an Foras ina óstach ar a Chomhdháil Náisiúnta bhliantúil i dteannta eagraíochta comhpháirtíochta. Bhíomar inár n-óstaigh i dteannta le hOifig Fear an Phobail, ar Chomhdháil Náisiúnta dar teideal *Held to Account: Responsibility and Accountability in the Public Service*, ag tríochadú cothrom lae na hoifige sin agus ba é an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a d'oscail í.

Lena chois sin bhí na leibhéil gníomhaíochta in oiliúint agus forbairt ag teacht chucu ar fud na seirbhíse poiblí sa bhliain. Seoladh seirbhísí nua chun tacú le dea-rialachas, chomh maith le cur i ngníomh comhaontuithe leibhéil seirbhíse. Bhí éileamh maith ar chlár ceannaireachta, eadrána, AD, airgeadais agus teicneolaíocht faisnéise a bhfuil mórán díobh creidiúnaithe ag comhlachtaí gairmiúla.



AOI ONÓRA MARTIN FRASER

Ardrúnaí, Roinn an Taoisigh, ag seoladh *All Vision but No Change? Determinants of Implementation: The Case of Ireland and Mental Health Policy*.



AN BHEAN UAS. BEVERLEY A. WAKEM

Príomhfhear an Phobail, An Nua Shéalainn, ag caint ag Comhdháil Náisiúnta an Fhorais Riaracháin 2014. *Held to Account: Responsibility and Accountability in the Public Service*.

Bhí ról tábhachtach i gcónaí ag an bhForas Riaracháin maidir le cumas riaracháin phoiblí i dtíortha eile a chur chun cinn. Tugann sé seo deis dúinn leis, deachleachtas a thaispeáint i seirbhís phoiblí na hÉireann. Le linn na bliana bhíomar mar óstaigh ar roinnt cuairteanna staidéir lena n-áirítear cuairt ón Scoil Náisiúnta Rialtais san Afraic Theas. Chomh maith leis sin cuireadh tús le cur i ngníomh conartha nua nach beag chun tacú le forbairt i seirbhís phoiblí na Bulgáire.

Mar a cuireadh in iúl i dtuarascálacha bliantúla roimhe seo, bhí roinnt blianta fíordheacra ag an bhForas de dheasca lagtrá na heacnamaíochta agus gearradh siar ar chaiteachas san earnáil phoiblí. Glacadh bearta ceartaitheacha go luath áfach, agus dá bhrí sin tá an Foras ag baint tairbhe anois as an tiomáint dhearfach atá tagtha chun cinn in 2014. Cuireadh i gcuntas dea-fheidhmíocht airgeadais uair eile in 2014 agus dearbhaíodh dá bharr go bhfuil an t-ionad airgeadais san iomlán tar éis socrú síos. Tá an Foras in ionad maith faoin am seo chun go rachadh feabhsú na heacnamaíochta chun sochar dó agus chun freastal ar riachtanais na seirbhíse poiblí, atá ag athrú, sna blianta atá romhainn. Saothar suntasach é seo ar fianaise é ar an tacaíocht dhílis a thug ár gcliaint dúinn, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ina measc, ar an obair dhearfach a rinne ár bhfoireann agus ar an gcomhairle agus an treoir chríonna a thug an Cathaoireach agus an Bord dúinn.

Brian Cawley

BRIAN CAWLEY
Ard-Stiúrthóir



BRIAN CAWLEY
Ard-Stiúrthóir



OIDEACHAS

OIDEACHAS

Is é an Foras Riaracháin an t-aon soláthraí oideachais don tseirbhís phoiblí in Éirinn. Tá tábhacht ar leith ag baint le seirbhísí oideachais an Fhoras Riaracháin in aimsir seo na n-athruithe suntasacha sa tseirbhís phoiblí, agus tá de chuspóir ag ár gcuid clár sainscileanna agus an saineolas a chur ar fáil, tuiscint ar bhonn fairsing ar bheartas poiblí, scileanna anailíse agus an deis dul ar aghaidh ó dhámhachtainí leibhéil 6 suas go leibhéal 10 ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí. Tá ár gcuid clár deartha leis, chun seirbhís sholúbtha phearsantaithe a chur ar fáil d'fhonn éascaíocht a dhéanamh do mhic léinn atá ag obair go lánaimseartha agus chun tacú leo. Sa chomhthéacs seo tá soláthar tacaíochta ar líne do mhic léinn níos tábhachtaí ná riamh.

Le linn an chúlú eacnamaíochta ar fad níor tháinig aon athrú ar líon na mac léinn a d'fhreastail ar chlár de chuid an Fhoras - go deimhin, bhí méadú ann ag an leibhéal iarchéime, agus lean an treocht seo ar aghaidh in 2014.

CLÁIR CHREIDIÚNAITHE DE CHUID OLLSCOIL NÁISIÚNTA NA HÉIREANN AGUS COLÁISTE OLLSCOILE BHAILE ÁTHA CLIATH

Idir 2001 agus 2011 bhí an Foras Riaracháin ina choláiste aitheanta de chuid Ollscoil Náisiúnta na hÉireann. Glacadh leis an bhForas Riaracháin mar choláiste aitheanta de chuid Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath in 2011. Gheobhaidh mic léinn a chláraigh i gclár oideachais ó Mheán Fómhair 2011 cáilíochtaí a bheidh creidiúnaithe ag COBÁC. Tabharfaidh mic léinn a chláraigh sna blianta roimhe sin a gcáilíochtaí chun críche faoi chreidiúnú Ollscoil na hÉireann. Bhí an searmanas bronnta maidir le clár a bhí creidiúnaithe ag OÉ ar siúl ar an 5 Nollaig 2014, tráth ar bronnadh céimeanna ar 174 céimí.

Reachtáladh an searmanas bronnta le haghaidh mac léinn an Fhoras Riaracháin a d'fhreastail ar chlár mháistreachta agus ar chlár fhochéime dioplóma a bhí creidiúnaithe ag COBÁC ar an 5 Nollaig 2014 chomh maith, tráth a bronnadh a gcuid céimeanna ar 550 mac léinn. Bronnadh teastais ó COBÁC ar 215 mac léinn de bhreis air sin.

Thar an bhliain acadúil 2013/2014 thairg an Foras sraith de chlár fhochéime agus iarchéime a chuimsigh gach leibhéal ó leibhéal 6 go leibhéal 10 ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí.

CLÁIR FHOCHÉIME

Tairgeadh na príomhchlár, is iad sin an BA (Onóracha) agus an BBS (Onóracha), i dtrí mhodh seachadta difriúla: léachtaí sa bhForas Riaracháin, léachtaí in ionaid réigiúnacha agus trí chianoideachas/foghlaim chumaisc.

In 2013/2014 tairgeadh seacht gcinn de speisialachais ar an gclár Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) agus ceithre cinn ar chlár an Staidéir Ghnó (Onóracha).

Ina theannta sin thairg an Foras réimse leathan clár teastais agus dioplóma idir Dhlí agus Staidéar Ríomhaireachta agus idir Bhainistíocht Rialtais Áitiúil agus Staidéar Aontais Eorpaigh.

Clár bliana atá á thairiscint i gcomhar leis an bPríomhoifig Staidrimh is ea an Dioplóma Gairmiúil i Staidreamh Oifigiúil le haghaidh Measúnú Beartais. Bhí breis is caoga mac léinn cláraithe in 2014 mar chuid den tríú ionghabháil sa chlár. Roimhe sin, fuair seachtar mac léinn is fiche céim in 2012 agus seisear mac léinn is tríocha in 2013.

Ar an iomlán, bhí beagáinín níos mó ná 800 mac léinn cláraithe inár gcuid clár fhochéime in 2014.

CLÁIR IARCHÉIME

Bliain choiteann is ea an chéad bhliain de chlár MA an Fhoras, agus bronnar Dioplóma Iarchéime i mBainistíocht Phoiblí ina taobh. Sa dara bliain, gabhann na mic léinn ar aghaidh chuig sainréimse agus tá seacht gcinn ar fáil dóibh. Ba é líon iomlán na mac léinn ar na clár MA in 2014 ná tuairim is 185 mac léinn.

Clár dhá bhliana is ea an Máistreacht Eolaíocht Eacnamaíochta in Anailís Pholaitiúil. Bronntar Dioplóma Iarchéime in Anailís Pholaitiúchta ag deireadh na chéad bhliana. Déanann mic léinn staidéar ar réimse ábhar a bhaineann le beartas sa chéad bhliain agus bíonn siad ag obair ar a gcuid tráchtas feidhmeach sa dara bliain. In 2014 chláraigh ceathrar mac léinn déag sa chlár agus bhain dáréag céim amach tar éis dóibh an clár a chríochnú go rathúil.



Sa phictiúr (c-d) ag searmanas bronnta an Fhoras Riaracháin 2014 bhí Alan Clear, BA (Onór.) (Bainistíocht Phoiblí), agus Brian Loughlin, BA (Onór.) (Bainistíú Acmhainní Daonna).



Sa phictiúr ag searmanas bronnta an Fhoras Riaracháin 2014 bhí Therese Casey, BA (Onór.) (Rialtas Áitiúil), agus Louis Duffy, Stiúrthóir Seirbhísí, Comhairle Chontae Chorcaí.



Sa phictiúr ag searmanas bronnta an Fhoras Riaracháin 2014 bhí Peter Jordan, BBS (Onór.) (Margaíocht), agus a chuid iníonacha Róisín agus Saoirse.

Cuireadh tús leis an gClár Máistreachta i nGnó agus Bainistíocht i mí Mheán Fómhair 2011. Clár páirtaimseartha dhá bhliana is ea an MSc seo. Bhain an chéad dream céimithe a gcuid céimeanna amach i mí na Nollag 2013. Cláraíodh grúpa nua de sheachtó mac léinn i mí Mheán Fómhair 2014.

Clár a leanann ar aghaidh ar feadh bliana amháin is ea an Teastas Gairmiúil i Rialachas. Cuireadh ar fáil ar dtús é in 2011. Bhí ochtar mac léinn is fiche cláraithe sa chlár in 2014.

Cuireadh tús leis an gclár Dochtúireachta i Rialachas in 2003, agus bronnadh céimeanna ar an chéad grúpa céimithe in 2006. Idir 2003 agus 2011 bhí an clár Dochtúireachta i Rialachas á thairiscint i gcomhar le hOllscoil na Banríona, Béal Feirste. In 2011 ghlac an Foras le socrú nua chun an clár a chur ar fáil i gcomhar le COBÁC. In 2014 bhí mac léinn is daichead cláraithe sa chlár dochtúireachta.

AN DR MICHAEL MULREANY

Ard-Stiúrthóir Cúnta



AN DR MICHAEL MULREANY

Ard-Stiúrthóir Cúnta



TAIGHDE

TAIGHDE

Tá foireann bheag, lánaimseartha, thiomanta ag an bhForas Riaracháin atá ag tabhairt faoi thaighde feidhmeach do ranna rialtais agus comhlachtaí eile de chuid na hearnála poiblí. Sa bhliain 2014 leanadh ar aghaidh le sraith taighde an Fhorais Riaracháin ar 'Staid na Seirbhíse Poiblí', sraith ar cuireadh tús leis sa bhliain 2010. Leis an tionscnamh seo, leantar an t-athrú ó bhonn ar an tseirbhís phoiblí agus soláthraítear léargas atá bunaithe ar fhianaise ar athruithe ar an tseirbhís phoiblí, rud a chuireann ar chumas an Fhorais cion rithábachtach a chur leis na meáin agus tabhairt faoi ghníomhaíochtaí eile. Tá sé seo ar aon dul leis na cuspóirí straitéiseacha a bhaineann le 'guth' an Fhorais a fhorbairt i dtaobh gnéithe lárnacha de chlár oibre an athraithe ó bhonn, seasamh an Fhorais a fhorbairt maidir le gnéithe lárnacha den athrú ó bhonn agus cur le clú an Fhorais mar fhoinsé saineolais ar athchóiriú na hearnála poiblí. Faoin tsraith seo foilsíodh ceithre thuarascáil in 2014:

- **CIVIL SERVICE ACCOUNTABILITY: CHALLENGE AND CHANGE (CUNTASACHT SA tSEIRBHÍS PHOIBLÍ: DÚSHLÁN AGUS ATHRÚ)**

Tá fostaithe na seirbhíse poiblí faoi roinnt éileamh cuntasachta éagsúla cheana féin. Tá na héilimh seo ilroinnte ar mhórán slite. Fágat bearnaí as a leanann b'fhéidir go measann an pobal go bhfuil éagumas i gceist. Tá gá le hathbheithníú sistéamach ar na gaoil chuntasachta atá ann faoi láthair, agus le cur chuige líonraithe i leith cuntasacht na seirbhíse poiblí ina bhfuil an pharlaimint agus a cuid coistí rannpháirteach ag an mbuaic. Dá ndéanfaí a leithéid bheadh fóraim agus gníomhaithe eile rannpháirteach, comhlachtaí poiblí ar nós Fear an Phobail agus oifigí iniúchóireachta ag leibhéil áitiúla agus náisiúnta san áireamh, cé go bhféadfadh gníomhaithe neamhphoiblí a bheith rannpháirteach chomh maith. Is é croí na faidhbe ná go bhfuil comhordú láidir ar an rud a bheadh ina chóras ilroinnte ag teastáil. Is féidir an tuarascáil a íoslódáil ag

http://www.ipa.ie/pdf/IPA_Accountability_2014.pdf

- **PUBLIC SECTOR REFORM IN IRELAND: VIEWS AND EXPERIENCES FROM SENIOR EXECUTIVES (ATHCHÓIRIÚ NA HEARNÁLA POIBLÍ IN ÉIRINN: TUAIRIMÍ AGUS EISPÉIRIS Ó FHEIDHMEANNAIGH SHINSEARACHA)**

Sa tuarascáil seo minítear torthaí suirbhé ar bhainisteoirí sinsearacha ar fud na seirbhíse poiblí in Éirinn. Sa tuarascáil seo cuirtear na torthaí i gcomparáid le torthaí deich dtír Eorpacha eile ina ndearnadh an suirbhé, mar chuid de thogra taighde COCOPS (Comhordú ar mhaithe le Comhtháthú san Earnáil Phoiblí) a bhí maoinithe ag an AE. Ar bhuaicphointí na tuarascála áirítear iad seo a leanas:

- mothaíonn dhá thrian de bhainisteoirí ar an leibhéal is airde go bhfuil feabhas tagtha ar riarachán poiblí le cúig bliana anuas - an chuid is mó i dtír ar bith ach amháin an Ísiltír;
- mothaíonn dhá thrian de bhainisteoirí leis, go bhfuil muinín na saoránach sa rialtas dulta in olcas;
- tá i bhfad níos lú neamhspleáchas ag bainisteoirí poiblí in Éirinn ná acu siúd i mórchuid na dtíortha eile san Eoraip, go háirithe i ndáil le hearcú agus ardú céime a thabhairt do bhaill foirne;
- cuireadh gearradh pá i bhfeidhm níos forleithne in Éirinn ná in áiteanna eile san Eoraip.


Is féidir an tuarascáil a íoslódáil ag

http://www.ipa.ie/pdf/PublicSectorReform_View&Experience_2014.pdf

- **THE STATE OF POLICY EVALUATION IN IRELAND (STAD AN MHEASÚNACHT BEARTAIS IN ÉIRINN)**

Sa tuarascáil seo taispeántar:

- gur deacair i gcónaí i mórán cásanna sonraí maithe a fháil ar fheidhmíocht clár caiteachais, cé go bhfuil feabhsuithe tagtha ar an scéal;



- go molann tuairiscí measúnachta a dhéanann ranna rialtais feabhsuithe ar chláir go minic seachas tabhairt faoi na buncheistanna simplí, is é sin, ar chóir dóibh a bheith ann in aon chor, nó an bhfuil aon roghanna eile ann;
- tionscnamh maith is ea an tSeirbhís Eacnamaíochta agus Measúnachta de chuid Rialtas na hÉireann, a tugadh isteach in 2011. Ach ní mór tuilleadh forbartha a dhéanamh uirthi;
- is deacair suim polaiteoirí a chothú i dtuairiscí ar mheasúnacht beartais.

Is féidir an tuarascáil a íoslódáil ag

http://www.ipa.ie/pdf/Evaluation_Report_Sept_2014.pdf

• PUBLIC SECTOR TRENDS 2013 (TREOCHTAÍ SAN EARNÁIL PHOIBLÍ 2014)

Is í an tuarascáil seo, ina ndéantar treochtaí i bhforbairt na hearnála poiblí a chóradh, an cúigiú tuarascáil dár sraith bhliantúil. Is é atá ar intinn ná cabhrú chun bonn eolais a chur faoin díospóireacht faoin earnáil phoiblí agus faoi riarachán poiblí in Éirinn agus faoin ról atá acu i sochaí na hÉireann. Úsáidtear sonraí ó roinnt foinsí éagsúla agus cuirtear eolas i láthair faoi mhéid agus costas na hearnála poiblí, faoi cháilíocht an riaracháin phoiblí, faoina éifeachtacht agus feidhmíocht agus leibhéil muiníne agus iontaofachta ar chuma shimplí atá dian mar sin féin. Is féidir an tuarascáil a íoslódáil ag

<http://www.ipa.ie/pdf/PUBLICSECTORTRENDS2014.pdf>

Faoin t-sraith thaighde 'Rialtas Áitiúil' foilsíodh dhá thuirisc eile in 2014:


• PUBLIC SECTOR REFORM IN IRELAND: VIEWS AND EXPERIENCES FROM LOCAL GOVERNMENT SENIOR EXECUTIVES (ATHCHÓIRIÚ NA HEARNÁLA POIBLÍ IN ÉIRINN: TUAIRIMÍ AGUS ÉISPÉIRIS Ó FHEIDHMEANNAIGH SHINSEARACHA AN RIALTAIS ÁITIÚIL)

Is suirbhé é seo a ghabhann leis an gceanna rinneadh sa rialtas lárnach mar a cuireadh in iúl thuas. Ar bhuaicphointí na tuarascála áirítear iad seo a leanas:

- mothaíonn leathchuid de bhainisteoirí sinsearacha na n-údarás áitiúil go bhfuil feabhas tagtha ar an riarachán poiblí le cúig bliana anuas ach mothaíonn an leathchuid eile go bhfuil sé tar éis dul in olcas;
- mothaíonn bainisteoirí na n-údarás áitiúil go bhfuil leibhéil níos airde neamhspleáchas bainistíochta acu ná feidhmeannaigh an rialtais lárnaigh, cé go mbraitheann siad i gcónaí nach bhfuil ach leibhéil ísle neamhspleáchais acu i ndáil le hardú céime a thabhairt do bhaill foirne agus maidir le difhostú nó earcú;
- mothaíonn beagánín níos mó ná leathchuid de bhainisteoirí an rialtais áitiúil go gcuireann polaiteoirí isteach ar ghnáthghníomhaíochtaí, ach tá tuairim láidir ann nach gcuireann polaiteoirí isteach ar cheapacháin an leibhéil shinsearaigh;
- is é tuairim na bhfreagróirí go ndearnadh níos mó gearradh siar, cur siar nó cealú ar chláir reatha agus gur cuireadh níos mó laghdaithe ar fhoireann na hoifige tosaigh agus níos mó méadú táillí agus muirir úsáideora i bhfeidhm sa rialtas áitiúil ná a rinneadh sa rialtas lárnach.

Is féidir an tuarascáil a íoslódáil ag

http://ipa.ie/pdf/PublicSectorReform_LocalGovViews.pdf



• SERVICE LEVEL AGREEMENTS (COMHAONTUITHE LEIBHÉAL SEIRBHÍSE)

Mar thoradh ar bhuiséid a bheith teann agus brú a bheith ar acmhainní na laethanta seo déanann a lán eagraíochtaí na seirbhíse poiblí seirbhísí a sheachfhoinsiú chuig eagraíochtaí seachtracha faoi 'chomhaontuithe leibhéal seirbhíse', na údaráis áitiúla san áireamh. Úsáidtear comhaontuithe leibhéal seirbhíse go himmheánach in eagraíochtaí leis, sa mhéid go dtreoraíonn siad idirghníomhú idir ranna difriúla na heagraíochta ar nós seirbhísí tacaíochta lárnacha agus aonaid seachadta. Tá an tuarascáil dírithe go mór mór ar na baill foirne siúd san údarás áitiúil nach bhfuil mórán eolais ná feasachta acu ar chomhaontuithe seirbhíse. Is é atá i gceist ná eolas tosaigh achomair a thabhairt ar an ábhar. Is féidir an tuarascáil a íoslódáil ag

http://www.ipa.ie/pdf/ServiceAgreementsReport_2014.pdf

Ar na réimsí eile a ndearna an fhoireann thaighde obair orthu in 2014 áirítear:

- Obair don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar threochtaí idirnáisiúnta in athchóiriú na seirbhíse poiblí.
- Teastas agus Diplóma a sheachadadh sa Staidéar Státseirbhíse agus Gníomhaireachtaí Stáit.
- Eagarthóireacht ar dhialann *Riaracháin* an Fhorais a ndéantar ceithre eagrán di in aghaidh na bliana. Áirítear orthu seo teaglam d'aill thaighde piarmheasúnaithe, giotáí tráchta agus tuairime arna scríobh, go minic, ag fostaithe na seirbhíse poiblí i mbun cleachtais, agus athbhreithnithe leabhair. Tagann coiste eagarthóireachta comhairleach na dialainne le chéile uair sa bhliain. Is lucht acadúil mór le rá ag a bhfuil cúlra bainistíochta agus polaitíochta cuid de na daoine atá ar an gcoiste. Síníodh conradh le De Gruyter Open, foilsitheoir acadúil, chun an dialann a óstáil ó Earrach 2015 ar aghaidh. Beidh teacht saor in aisce ar na hailt go léir.
- Comhoibriú le hOifig Réigiúin na hÉireann maidir le deich n-eagrán den EU News Bulletin, (Feasachán Nuachta an AE) a tháirgeadh chomh maith le dhá eagrán den *Local Authority Times* a fhoilsiú mar chuid de sheirbhís fhaisnéise d'údaráis áitiúla ar fud na bliana.
- Rannchuidiú le clár Oideachais & Oiliúna an Fhoras Riaracháin agus feidhmiú mar mhaoirseoirí agus marcóirí tráchtais ar chlár iarchéime.
- Foilseacháin acadúla in irisí idirnáisiúnta agus cur le leabhair idirnáisiúnta faoi bhainistiú poiblí.
- Obair chomhairleoireachta don Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil maidir le Met Éireann.

AN DR RICHARD BOYLE

Ceann Taighde



AN DR RICHARD BOYLE

Ceann Taighde



OILIÚINT & FORBAIRT

OILIÚINT & FORBAIRT

Bhí an t-éileamh ag forbairt i gcónaí ar sheirbhísí oiliúna agus forbartha i réimsí speisialtóra na ceannaireachta agus na bainistíochta, an rialachais, na cuntasáíochta agus an airgeadais earnála poiblí, na hiniúcháireachta, na teicneolaíochta faisnéise agus na bainistíochta acmhainní daonna. Baineadh úsáid as na seirbhísí ar fud na hearnála poiblí. Bhí an Foras ag obair as láimh a chéile le roinnt ranna rialtais, gníomhaireachtaí agus údarás áitiúla chun réimse cláir oiliúna shainoiriúnaithe a sheachadadh, Forbairt Ghráid do CO (Oifigeach Cléireachais), EO (Oifigeach Feidhmiúcháin), HEO (Ardoifigeach Feidhmiúcháin) agus Gráid AP sa tSeirbhís Phoiblí; Forbairt Ceannaireachta agus Bainistíochta; Bainistíú Airgeadais; Bainistíú Riosca; Dlí Riaracháin; agus Bainistíú Acmhainní Daonna. Thar ceann na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe reáchtáil an Foras Oiliúint ar Phleanáil don Scor d'fhostaithe na Seirbhíse Poiblí ag gach leibhéal. Cuireadh seacht gclár ar fáil idir Bealtaine agus Samhain, ag freastal ar tuairim is 420 rannpháirtí.

Agus é dírithe ar fhostaithe na seirbhíse poiblí agus ceaptha chun cumas ceannaireachta a fhorbairt, mheall an Clár Dúshlán Ceannaireachta foireann iomlán bainisteoirí sinsearach as gach earnáil den tseirbhís poiblí, an rialtas lárnach agus áitiúil chomh maith le hearnálacha leathstáit san áireamh. Seachadtar an clár seo i gcomhar le Cambridge Leadership Associates, Massachusetts, SAM, ina gcorpraítear foireann teagaisc shinsearach ón John F. Kennedy School of Government ag Ollscoil Harvard chomh maith le foireann teagaisc ó Scoil Ghnó Warwick sa R.A.

Mheall an Clár Ceannaireachta i Rialtas Áitiúil iarrthóirí éagsúla ardachmhanne i róil riaracháin agus theicniúla ó thrí cinn déag d'údarás áitiúla. Seachadtar an clár i gcomhar le foireann teagaisc shinsearach ó Scoil Ghnó Warwick agus cleachtóirí sinsearach sa chóras rialtais áitiúil. Tá sé dírithe ar luach poiblí a sheachadadh trí cheannaireacht oiriúnaitheach i dteannta le cur chuige foghlama trí ghníomh i leith dúshlán cheannaireachta na rannpháirtithe.

Bí saineolaithe an Fhorais rannpháirteach i gcónaí in oiliúint, comhairle, tacaíocht agus seirbhísí comhairleoireachta a chur ar fáil do réimse leathan eagraíochtaí atá i mbun athraithe mar chuid den bpróiseas athchóirithe ginearálta. Áirítear orthu seo eagraíochtaí sa rialtas lárnach agus áitiúil chomh maith le comhlachtaí leathstáit. Bhí éileamh i gcónaí ar oiliúint bainistithe fheidhmíochta in 2014. Seachadadh imeachtaí sainoiriúnaithe do bhainisteoirí/athbhreithneoirí agus do bhaill foirne/daoine a ndéantar athbhreithniú orthu i dtír cinn déag d'údarás áitiúla san iomlán. Leanamar orainn ag reáchtáil an Clár Oiliúna um Reachtáíocht Rialtais Áitiúil in earnáil an údarás áitiúil. Cuireadh an oiliúint MS Office ar fáil arís leis, chomh maith le Cosc agus Bainistíú Ionsaithe agus Foréigean ag an Obair.

Leagann Rialacháin (Coiste Iniúcháireachta) Údarás Áitiúil, 2014 agus Ionstraim Reachtúil 244 de 2014 síos mar riachtanas reachtúil go gcaithfidh gach ball de choiste iniúcháireachta in údarás áitiúil oiliúint ionduchtúcháin a dhéanamh laistigh de thrí mhí i ndiaidh dó/di a bheith ceaptha ar an gcoiste, ba chúis áthais don bhForas clár ionduchtúcháin éascaithe leath-lá a chur ar fáil do bhaill choiste nuacheaptha. Sa chlár seo tugadh buneolas agus bunscileanna do bhaill choistí iniúcháireachta chun a gcuid ról agus freagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtach. Lena chois sin bhí an fhoghlaim dírithe ar an tsíl ar féidir le baill leas a bhaint as na scileanna atá acu cheana féin agus luach breise a chur le hobair an choiste iniúcháireachta. D'fhreastail breis is 100 toscaire ar an ocht gclár oiliúna a seachadadh idir Deireadh Fómhair agus Nollaig.

Lean an Fóram Rialachais air ag forbairt agus ag méadú in 2014 mar fhreagra ar an líon mór saincheisteanna agus dúshlán faoi rialachas a bhí roimh na baill. Dhéileáil féilire na n-imeachtaí le mórán saincheisteanna na linne seo i rialachas, *Rialachas Eacnamaíoch san áireamh - Cad iad na roghanna?; Éilimh Rialachais na Maoinitheoirí a chomhlíonadh - Príomh-shaincheisteanna Rialachais d'Eagraíochtaí atá ag Fáil Maoinithe; Róil agus Freagrachtaí Ball an Bhoird; Measúnacht a dhéanamh ar Fheidhmíocht Bord agus Coistí; Airgeadas do Bhaill Bhoird; Cumarsáid Nua-aimseartha agus Bainistíú Clú; Straitéis agus Rialú ar mhaithe le Leas an Phobail; Bainistíú Riosca; agus Coistí Iniúcháireachta.*



Sa phictiúr (c-d) ag Fóram Rialachais an Fhoras Riaracháin / Comhdháil Dhea-Rialachais CIPFA, *Good Governance, Culture and Ethics - Setting the Tone*, bhí Aidan Horan, Stiúrthóir, Acmhainní Daonna, Seirbhísí TF agus Airgeadais, agus Seirbhísí Forbartha Gnó, An Foras Riaracháin; An Dr Brian Cawley, Ard-Stiúrthóir, An Foras Riaracháin, Diarmuid Martin, Ard-Easpag Bhaile Átha Cliath (aoichainteoir); agus Paul Turpin, Speisialtóir Rialachais, An Foras Riaracháin.



Diarmuid Martin, Ard-Easpag Bhaile Átha Cliath, ag caint faoi luachanna agus ceannaireacht ag Fóram Rialachais an Fhoras Riaracháin / Comhdháil Dhea-Rialachais CIPFA *Good Governance, Culture and Ethics - Setting the Tone.*

Ar chlár imeachtaí bhí an Chomhdháil Dhea-Rialachais bhliantúil. Cuireadh ar siúl i mí Mhárta agus phléigh sí téama an *Dea-Rialachais, Cultúir agus Eitic – An Fonn a leagan síos*. Ar na cainteoirí áiríodh Diarmuid Martin, Ard-Easpag Bhaile Átha Cliath, a labhair faoi luachanna agus ceannaireacht; Adrian Pulham, Stiúrthóir na hInstitiúide Cairte um Airgeadas agus Cuntasáiocht Phoiblí (CIPFA). Labhair seisean faoi mhúinín a thógáil i seirbhísí poiblí; Peter Tyndall, Fear an Phobail, a labhair faoi thrédhearcacht agus cothroime; Patricia Barker, ball boird agus cuntasóir, a labhair faoi eitic i rialachas corparáideach; agus an Dr Brian Cawley, Ard-Stiúrthóir, An Foras Riaracháin, a labhair faoi cheannaireacht agus rialachas. Bhí Gerry Kearney, iar-Ardúnaí Roinne, mar chathaoirleach ar an díospóireacht phainéil. Chabhraigh foireann an Fhóram Rialachais le mórán eagraíochtaí trí athbhreithnithe neamhspleácha a dhéanamh ar chomhlíonadh oibleagáidí dlí, rialála agus rialachais, athbhreithnithe ar éifeachtacht boird, cur i ngníomh córais bainistithe riosca, measúnacht boird agus coiste boird; meastóireacht inniúlachta agus seirbhísí gaolmhara, agus trí comhairle a chur orthu faoi shaincheisteanna rialachais éagsúla.

Lean an Foras air ag tairiscint clár do bhallaíocht fhoirmiúil comhlachtaí gairmiúla lena n-áirítear an Mediators' Institute of Ireland (MII) (Institiúid Eadránaithe na hÉireann) an Chartered Institute of Personnel and Development (CIPD) (Institiúid Chairte um Phearsanra agus Forbairt) agus an Chartered Institute of Public Finance and Accountancy (CIPFA) (Institiúid Chairte Airgeadais Phoiblí agus Cuntasáiochta Poiblí). Bhí ár gclár seanbhunaithe ar eadráin san áit oibre ag mealladh a lán rannpháirtithe i gcónaí. Is í Institiúid Eadránaithe na hÉireann a thugann creidiúnú don gclár seo. Thosaigh an cúigiú babhta den gclár Teastas Bunleibhéil de chuid na hInstitiúide Cairte um Phearsanra agus Forbairt i gCleachtas Acmhainní Daonna ag deireadh 2014, agus leis an Diplóma Bunleibhéil de chuid na hInstitiúide Cairte um Phearsanra agus Forbairt tairgtear cosán ar aghaidh dóibh siúd a bhaineann teastas amach. Tosaíodh ar an Diplóma Bunleibhéil i gCleachtas Foghlama agus Forbartha de chuid na hInstitiúide Cairte um Phearsanra a sheachadadh den dara uair i ndeireadh 2014 mar chosán leantach dóibh siúd a chríochnaigh an clár Teastais Bunleibhéil a thosaigh in 2013.

Bhí an tsraith seimineár do chuntasóirí na hearnála poiblí agus gairmithe airgeadais a thairgtear i gcomhar le ACCA (Comhlachas Cuntasóirí Cairte Creidiúnaithe), Institiúid Chairte Cuntasóirí Bainistíochta (CIMA) agus Institiúid Chairte Airgeadais agus Cuntasáiochta Poiblí (CIPFA) ar bhonn na hoibre rathúla a rinneadh i mblianta roimhe seo. Reáchtáladh dhá imeacht in 2014 a phléigh topaicí faoi *Chuntasáiocht ar mhaithe le Feidhmíocht san Earnáil Phoiblí agus Forbairtí Reatha i Measúnacht & Éifeachtacht*. Bhí na Seimineáir Iniúcháireachta Inmheánaí don Earnáil Phoiblí a reáchtáladh an Foras Riaracháin i gcomhar leis an Institiúid Chairte Iniúcháirí Inmheánacha (craobh na hÉireann) ó 2013 ag mealladh líon mór rannpháirtithe i gcónaí. D'fhreastail breis is 80 toscaire ar an imeacht i mí Mheán Fómhair 2014.

Ar an iomlán bhí forbairt ag teacht ar sheirbhísí oiliúna, forbartha agus comhairleoireachta an Fhorais i gcónaí in 2014 chun tacú le daoine aonair agus eagraíochtaí sa tseirbhís poiblí maidir le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin reatha. Leanfaimid orainn ag cur ar fáil seirbhísí ardchaighdeán sainoiriúnaithe trínár bhfoireann thiomanta speisialtóirí.



Sa phictiúr (c-d) ag Fóram Rialachais an Fhorais Riaracháin / Comhdháil Dea-Rialachais CIPFA *Good Governance, Culture and Ethics – Setting the Tone*, bhí Nathy Walsh, Léachtóir, An Foras Riaracháin; Patricia Barker, aoichainteoir ar eitic agus rialachas corparáideach; agus Paul Turpin, Speisialtóir Rialachais, An Foras Riaracháin.



SEIRBHÍSI IDIRNÁISIÚNTA

SEIRBHÍSÍ IDIRNÁISIÚNTA

Le linn 2014 bhí ról straitéiseach ag na Seirbhísí Idirnáisiúnta i gcónaí i dtaobh tionscadail idirnáisiúnta agus bhíodar mar óstach ar roinnt cláir staidéir. Thug siad deis do bhainisteoirí sinsearacha as tíortha eile a gcuid eolais ar athchóiriú na hearnála poiblí agus ar phróimhréimsí eile den riarachán poiblí in Éirinn a thabhairt cothrom le dáta. Go háirithe, chuir an Foras fáilte roimh thoscaireacht ó Scoil Rialtais na hAfraice Theas i mBaile Átha Cliath agus chuir sé leis an measúnacht idirnáisiúnta a sheol an scoil.

Bhí gníomhaíocht idirnáisiúnta tairisceana ar siúl ar feadh na bliana ar fad agus saothraíodh roinnt deiseanna conradh a fháil a bhaineann le hobair do chlár chúnaimh de chuid an AE i Maenmar agus san Airméin, le cláir tógála inniúlachta sa Bhoisnia agus an Heirseagaivéin agus tacaíocht do chomh-institiúidí sa Bhulgáir agus sna Balcáin Thiar. Bronnadh clár nach beag chun tacú le forbairt Institiúid Riaracháin Phoiblí na Bulgáire i Sofia ar an bhForas Riaracháin. Cuireadh an chéad gníomhaíocht ar siúl i mí na Nollag: tugadh eolas tosaigh do roinnt bainisteoirí oiliúna ón mBulgáir ar theagasc bunúsach an chlár ceannaireachta agus athrú bainistíochta de chuid an Fhorais agus leanfaidh clár trí lá é seo d'fhostaithe sinsearacha seirbhís poiblí na Bulgáire in 2015.

De bhreis air seo choinnigh an Foras an comhoibriú seanbhunaithe dá chuid leis an Regional School of Public Administration (Scoil Réigiúnach um Riarachán Poiblí) i réigiún na mBalcán Thiar ar siúl. Thug sé treoir, comhairle, oiliúint agus saineolas i mbainistiú acmhainní daonna di, oiliúint ar earcaíocht agus roghnú san áireamh. Institiúid idirnáisiúnta is ea an Scoil Réigiúnach um Riarachán Poiblí a cuireadh ar bun mar chomhthogra de chuid an AE agus tíortha na mBalcán Thiar chun comhoibriú réigiúnach i riarachán poiblí, i mbainistiú acmhainní daonna agus in athchóiriú na seirbhíse poiblí i measc a cuid ballstát a chothú agus a neartú. Cuireann sí cláir oiliúna nuálacha cáilíochtúla, imeachtaí líonraithe, scéimeanna soghluaisteachta, comhdhálacha agus staidéir chomparáideacha ar fáil do riaracháin poiblí i dtíortha na mBalcán Thiar agus féachann sé le cinntiú go ndéanfar luachanna comhroinnte an mheasa, na caoinfhuilgthe, an chomhoibríthe agus an chomhtháthaithe a athneartú agus a chur i ngníomh ar fud na riarachán poiblí sa réigiún.

Tá an Foras ina phointe teagmhála náisiúnta do ghníomhaíochtaí 'Nasctha' an AE ó 1999. Tá nascadh ina ionstraim réamhaontachais thábhachtach i gcónaí. Tá sé ar fáil ag an bpointe seo do gach tír is iarrthóir agus tír is iarrthóir ionchasach. De bhreis air seo lean an Foras air ag feidhmiú mar phointe teagmhála don gclár Eoraip do Shaoránaigh, arna chómhaoiniú ag an AE agus an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta. Tugann sé cúnamh do gach aonán, comhlacht agus eagraíocht Éireannach ar suim leis/léi leas a bhaint as maoiniú cláir.

Lean an Foras ar aghaidh a bheith rannpháirteach i líonra Stiúrthóirí na nInstitiúidí agus Scoileanna Riaracháin Phoiblí (DISPA) agus d'fhreastail ar an gcrúinniú tionscnaimh d'Fhóram ECFE na Scoileanna Rialachais agus Riaracháin Phoiblí.

Mar a d'iarr an Bord air, thionscain an tAonad Seirbhísí Idirnáisiúnta measúnacht margaidh dhomhanda le cuairteanna ar an tSín (Hong Cong agus mórtíir), ar Oirthear agus Lár na hEorpa agus ar réigiún an Mheánoirthir. De réir straitéis idirnáisiúnta an Fhorais tá an beart seo dírithe ar acmhainneacht margái nua in eacnamaíochtaí éiritheacha a thaiscéaladh agus caidrimh a neartú le roinnt institiúidí agus scoileanna riaracháin poiblí.

Geallaimid oiliúint, comhairle agus foghlaim trí ghníomhaíochtaí a sholáthar atá ar aon dul le comhthéacs polaitiúil, cultúrtha agus oibríochta ár gcliánt idirnáisiúnta. Mar sin táimid ag súil le tairbhe a bhaint as ár líonra fairsing teagmhálacha idirnáisiúnta sa bhliain atá romhainn chun ár ngealltanas a chomhlíonadh maidir le cur chun cinn agus forbairt riaracháin poiblí éifeachtaigh go hidirnáisiúnta, agus chun deachleachtas a thaispeáint ó sheirbhís poiblí na hÉireann.

TERESA CASSERLY

Stiúrthóir, Seirbhísí Idirnáisiúnta



TERESA CASSERLY

Stiúrthóir, Seirbhísí Idirnáisiúnta



SEIRBHÍSI LEABHARLAINNE & FAISNÉISE

SEIRBHÍSI LEABHARLAINNE & FAISNÉISE

Is é an Foras an t-aon eagraíocht sa tír seo a bhfuil sainleabharlann don riarachán poiblí aige. Tá an leabharlann dírithe ar chomhairle agus rochtain a chur ar fáil ar fhaisnéis trí leabhair, irisí agus trí acmhainní ar líne.

Tá an leabharlann suite ar Bhóthar Lansdún. Cuireann sí seirbhís iasachta, thagartha agus fhaisnéise ar fáil do mhic léinn, d'fhoireann agus do bhaill an Fhorais. De bhreis air seo freagraítear ceisteanna ó dhaoine eile tríd an nguthán nó trí ríomhphost. Cuirtear rochtain ar fáil ar leabhair, irisí, bhunachair shonraí leictreonacha, thuarascálacha, staitisticí agus ar fhoilseacháin oifigiúla faoi réimse ghinearálta na bainistíochta poiblí. Clúdaíonn an tseirbhís seo réimse leathan ábhar lena n-áirítear bainistíocht, eacnamaíocht, socheolaíocht, dlí, coireolaíocht, sláinte, airgeadas agus rialtas áitiúil.

Is í aidhm na Leabharlainne ná an fhaisnéis cheart agus na hacmhainní cearta a chur ar fáil sa bhformáid is oiriúnaí i dtráth cuí do réimse cliant ilghnéitheach atá scaipthe ar fud mórán áiteanna éagsúla. Tá seomraí léitheoireachta ar fáil chun staidéar a dhéanamh, chun leabhair a léamh agus a fháil ar iasacht agus chun teacht a fháil ar acmhainní leictreonacha. Féadann mic léinn cianoideachais leas a bhaint as an tseirbhís Leabharlainne tríd an ghuthán, trí ríomhphost nó trí rochtain ar bhunachair shonraí agus ar na mílte alt irise lán-téacs trí shuíomh gréasáin an Fhorais Riaracháin. Is féidir ábhair nach bhfuil á gcoinneáil ag an leabharlann a iarraidh trí sheirbhís iasachta idirleabharlainne agus is féidir earraí a sholáthar mar chóip chrua nó mar chóip leictreonach.

Le linn an téarma bíonn an leabharlann oscailte ó 9:15 a.m. go 8:00 p.m. Luan go Déardaoin, agus go dtí 5:15 p.m. ar an Aoine. Bíonn amanna oscailte teoranta i bhfeidhm ar fhormhór na Satharn le linn an téarma. Tá eolas iomlán agus an t-eolas is deireanaí maidir le huaireanta oscailte ar fáil ar shuíomh gréasáin an Fhorais Riaracháin.

PATRICIA TROTTER

Leabharlannaí



PATRICIA TROTTER

Leabharlannaí



FOILSITHEOIREACHT

FOILSITHEOIREACHT

Tá baint ag obair Rannóg na bhFoilseachán le gníomhaíochtaí oideachais agus taighde níos leithne an Fhorais mar chuid den Whitaker School of Government and Management. Is bunús tábhachtach eolais agus faisnéise í chun treoir a thabhairt do chleachtas an riaracháin phoiblí. Sa bhliain 2014 seoladh dhá leabhar mar aon leis an naoú eagrán is daichead den *Administration Yearbook & Diary* (Bliainiris Riaracháin & Dialann), a sheol an Tánaiste agus Aire Coimirce Sóisialaí, Joan Burton, TD. Lena chois sin foilsíodh ceithre eagrán den iris *Administration*, agus lean Rannóg na bhFoilseachán uirthi ag cur tionscadail chomhairleoireachta i gcrích d'eagraíochtaí na hearnála poiblí.

Chríochnaigh grúpa saineolaithe seachtracha athbhreithniú ar ghníomhaíocht foilsitheoireachta in 2014. San athbhreithniú seo rinneadh roinnt moltaí chun an ghníomhaíocht foilsitheoireachta a fheabhsú maidir le margaíocht agus cur chun cinn an *Administration Yearbook & Diary* agus úsáid na ríomh-foilsitheoireachta. Glacadh le torthaí an athbhreithnithe agus cuirfear i ngníomh iad thar na chéad chúpla bliain eile.

LEABHAIR

Sheol ár n-aoi onóra Martin Fraser, Ardrúnaí ag Roinn an Taoisigh *All Vision but No Change? Determinants of Implementation: The Case of Ireland and Mental Health Policy* le Helen Johnston ar an 23 Meán Fómhair. Sa leabhar seo pléitear an cheist cén fáth gur minic a chuirtear beartais i ngníomh go heasnamhach. Aithníonn an t-údar na gnéithe is tábhachtaí atá ag teastáil chun a chinntiú go n-éireoidh le beartais a chur i ngníomh i gceart.

Sheol ár n-aoi onóra Paudie Coffey, TD, Aire Stáit ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil *Renting in Ireland: The Social, Voluntary and Private Sectors*, le Lorcan SIRR, ar an 30 Meán Fómhair. Sa leabhar seo tugtar le chéile den chéad uair saineolaithe agus cleachtóirí tithíochta chun plé agus anailís a dhéanamh ar an bpáirt atá ag tógáil ar cíos i sochaí na hÉireann. Pléitear tithíocht ar cíos san earnáil phríobháideach, tithíocht ar cíos san earnáil shóisialta agus saincheistanna eile a bhaineann leis an ábhar seo.

Lena chois sin foilsíodh roinnt tuarascálacha thar ceann Rannóg Taighde na hInstitiúide, mar seo a leanas:

- PUBLIC SECTOR TRENDS 2013 (TREOCHTAÍ SAN EARNÁIL PHOIBLÍ 2014)
- CIVIL SERVICE ACCOUNTABILITY: CHALLENGE AND CHANGE (CUNTASACHT SA tSEIRBHÍS PHOIBLÍ: DÚSHLÁN AGUS ATHRÚ)
- PUBLIC SECTOR REFORM IN IRELAND: VIEWS AND EXPERIENCES FROM SENIOR EXECUTIVES (ATHCHÓIRIÚ NA HEARNÁLA POIBLÍ IN ÉIRINN: TUAIRIMÍ AGUS EISPÉIRIS Ó FHEIDHMEANNAIGH SHINSEARACHA)
- THE STATE OF POLICY EVALUATION IN IRELAND (STÁID AN MHEASÚNACHT BEARTAIS IN ÉIRINN)
- PUBLIC SECTOR REFORM IN IRELAND: VIEWS AND EXPERIENCES FROM LOCAL GOVERNMENT SENIOR EXECUTIVES (ATHCHÓIRIÚ NA HEARNÁLA POIBLÍ IN ÉIRINN: TUAIRIMÍ AGUS EISPÉIRIS Ó FHEIDHMEANNAIGH SHINSEARACHA AN RIALTAIS ÁITIÚIL)
- SERVICE LEVEL AGREEMENTS (COMHAONTUITHE LEIBHÉAL SEIRBHÍSE)

Tá liosta iomlán d'fhoilseacháin an Fhorais ar fáil ar shuíomh gréasáin an Fhorais (www.ipa.ie). Is féidir leabhair a cheannach tríd an áis click-pay ar an suíomh gréasáin.

TRÉIMHSEACHÁIN

Foilsíodh an Bhliainiris Riaracháin & Dialann 2015 i mí na Nollag. Is é an Bhliainiris & Dialann an bunachar sonraí is mó a mbaintear úsáid as i saol gnó na hÉireann, idir phoiblí agus phríobháideach. Foilsíodh ceithre eagrán d'iris an Fhorais, *Administration*, i gcaitheamh na bliana. Áiríodh orthu seo athbhreithniú ar an earnáil phoiblí in 2013 mar aon le heagrán speisialta ar dhaichead bliain ballraíocht na hÉireann den AE (www.ipa.ie/administration).

COMHAIRLEOIREACHT FOILSITHEOIREACHTA

Lean Rannóg na bhFoilseachán ag cur saineolais ar fáil ó thaobh tionscadail foilsitheoireachta a tháirgeadh agus a bhainistiú ar son eagraíochtaí eile na hearnála poiblí. Táirgeadh Imleabhar IX de *Documents on Irish Foreign Policy* (Doiciméid ar Bheartas Eachtrach na hÉireann) maidir leis na blianta 1948-1951, thar ceann Acadamh Ríoga na hÉireann. *Táirgeadh an Irish Probation Journal* thar ceann na Seirbhíse Promhaidh agus an Probation Board, Tuaisceart Éireann (Foilseachán Thuaidh/Theas) agus foilsíodh *Irish Agriculture Nationalised: The Dairy Disposal Company and the Making of the Modern Irish Dairy Industry* le Mícheál Ó Fathartaigh, le tacaíocht ón Golden Jubilee Trust Fund.

AN DR RICHARD BOYLE

Ceann Foilsitheoireachta



Sa phictiúr tá an t-údar Helen Johnston, ag caint ag seoladh an leabhair *All Vision but No Change? Determinants of Implementation: The Case of Ireland and Mental Health Policy*.



Sa phictiúr (c-d) ag seoladh *Renting in Ireland: The Social, Voluntary and Private Sectors*, bhí Paudie Coffey, TD, Aire Stáit ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, agus Lorcan SIRR, eagarthóir.



DÁMHACHTAINÍ & BUAITEOIRÍ DUAISEANNA

DÁMHACHTAINÍ & BUAITEOIRÍ DUAISEANNA

Bronnadh dioplómaí, céimeanna baitsiléara agus céimeanna iarchéime ar 700 mac léinn san iomlán le linn 2014. Bhí na searmanais bronnta ar siúl i gCaisleán Bhaile Átha Cliath Dé hAoine an 5 Nollaig 2014. Ba iad seo a leanas na duaiseanna a bronnadh:

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Bainistíocht Cúram Sláinte)

An chéad áit: Yvonne Sheppard

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Bainistíocht Acmhainní Daonna)

An chéad áit: David Sweeney

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Bainistíocht TF)

An chéad áit: Mary O'Donohoe

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Dlí & Riarachán Ceartais)

An chéad áit: Brian Ciarán Clancy

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Rialtas Áitiúil)

An chéad áit: Therese Máire Casey

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Bainistíocht)

An chéad áit: Ewa Sobanska

Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Bainistíocht Phoiblí)

An chéad áit: Valerie Frizzelle

Teastas Iarchéime i mBainistiú Airgeadais

An chéad áit: Dearbhala Cassidy

Cláir Mháistreachta Ealaíon

An chéad áit: Rosarie Teresa Mary Lynch

Mac léinn fochéime na bliana 2014 de chuid Whitaker School of Government & Management

Ewa Sobanska

Duais CIMA ar an mac léinn is fearr i gcúrsa Baitsiléara i Staidéar Gnó (Onór.) (Cuntasaíocht)

Declan O'Halloran

Baitsiléir Staidéir Ghnó (Onór.) (Bainistíocht Acmhainní Daonna)

An chéad áit: Ruth Flynn

Baitsiléir Staidéir Ghnó (Onór.) (Bainistíocht Córais Fhaisnéise)

An chéad áit: Deirdre Connolly

Baitsiléir Staidéir Ghnó (Onór.) (Margaíocht)

An chéad áit: Iris Tsang

Máistreacht Ealaíon (Ceartas Coiriúil)

An chéad áit: Liza Young

Máistreacht Ealaíon (Bainistiú Airgeadais)

An chéad áit: Niamh Fitzgerald

Máistreacht Ealaíon (Bainistíocht Cúram Sláinte)

An chéad áit: Catherine Lambe

Máistreacht Ealaíon (Bainistíocht Acmhainní Daonna)

An chéad áit: Ita Goggin

Máistreacht Ealaíon (Ceannaireacht & Straitéis)

An chéad áit: Marita Gonsalves

Máistreacht Ealaíon (Bainistíocht Rialtais Áitiúil)

An chéad áit: Lilian Whelan



Sa phictiúr (c-d) ag searmanais bhronnta an Fhoras Riaracháin 2014 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath bhí Nathy Walsh, Comhordaitheoir Cúrsa an Fhorais; Dermot Clynes, Bainisteoir Forbartha Eagraíochta, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe; Magdalena Przybylo, buaiteoir duaise, Dioplóma i Staidéar Gnó; Tom Considine, Uachtarán, an Foras Riaracháin; agus an Dr Brian Cawley, Ard-Stiúrthóir, an Foras Riaracháin.



Sa phictiúr (c-d) ag searmanais bhronnta an Fhoras Riaracháin 2014 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath bhí an Dr Michael Mulreany, Ceann Oideachais, an Foras Riaracháin; Tom Considine, Uachtarán, an Foras Riaracháin; Jane Dollard, buaiteoir duaise, MA (Bainistíocht Phoiblí); an Dr Frank Murray, Cathaoirleach, Coiste Oideachais an Fhoras Riaracháin; agus an Dr Brian Cawley, Ard-Stiúrthóir, an Foras Riaracháin.

Máistreacht Ealaíon (Bainistíocht Phoiblí)

An chéad áit: Jane Dollard

Máistreacht in Eolaíocht Eacnamaíoch in Anailís Beartais

An chéad áit (roinnte): Stephen Brophy, Alan Quirke

Dioplóma Iarchéime in Anailís Beartais

An chéad áit: Claire Hayes-Curtin

Máistreacht Eolaíochta i nGnó & Bainistíocht (Bainistíocht Airgeadais)

An chéad áit (roinnte): Barry Magee, Wendy Thompson

Máistreacht Eolaíochta i nGnó & Bainistíocht (Bainistíocht Acmhainní Daonna)

An chéad áit: Geraldine Colgan

Mac Léinn Iarchéime na bliana 2014 de chuid an Whitaker School of Government & Management

Stephen Brophy, Alan Quirke

Dioplóma Gairmiúil i Staidéar Tithíochta

An chéad áit: Russell Chapman

Dioplóma Gairmiúil i Staidreamh Oifigiúil le haghaidh Measúnú Beartais

An chéad áit: Aileen Healy

Teastas Gairmiúil i Rialachas

An chéad áit: Tony McAleer

Dioplóma i Staidéar Státseirbhíse & Gníomhaireachta Stáit

An chéad áit: Barry Cullen

Dioplóma in Eacnamaíocht na Sláinte

An chéad áit: Orlaith Brennan

Dioplóma i mBeartas Seirbhíse Sláinte

An chéad áit: Amy McGealy

Dioplóma i mBainistíocht Sláinte

An chéad áit: Deirdre Mueller Neff

Dioplóma i mBainistíocht Acmhainní Daonna

An chéad áit: Leonora Mullett

Dioplóma sa Dlí

An chéad áit: John Martin

Dioplóma i Staidéar Rialtais Áitiúil

An chéad áit: Paul Clarke

Dioplóma i mBainistíocht

An chéad áit: Marsha Williams

Dioplóma i mBainistíocht Togra

An chéad áit: Orla Fitzpatrick

Dioplóma i mBainistíocht Phoiblí t

An chéad áit: Gráinne Duffy

Dioplóma i Staidéar Gnó

An chéad áit: Magdalena Przybylo

Dioplóma i Staidéar Ríomhaireachta


An chéad áit: Carmel Tobin



Sa phictiúr (c-d) ag searmanais bhronnta an Fhoras Riaracháin 2014 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath bhí an Dr Denis O'Brien, Cláraitheoir Cúnta, an Foras Riaracháin; Jennifer Banim, Ard-Stiúrthóir Cúnta, an Phríomhoifig Staidrimh; Helen Dixon agus Aileen Healy, Dioplóma Gairmiúil i Staidreamh Oifigiúil le haghaidh Measúnú Beartais; an Dr Christopher Sibley, an Phríomhoifig Staidrimh; Tom Considine, Uachtarán, an Foras Riaracháin; agus an Dr Brian Cawley, Ard-Stiúrthóir, an Foras Riaracháin.



Sa phictiúr (c-d) ag searmanais bhronnta an Fhoras Riaracháin 2014 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath bhí an Dr Michael Mulreany, Ceann Oideachais, an Foras Riaracháin; Niamh O'Donoghue, Ardrúnaí, an Roinn Coimirce Sóisialaí; an Dr Attracta Halpin, Cláraitheoir, Ollscoil Náisiúnta na hÉireann; an Dr Maurice Manning, Seansailéir, Ollscoil Náisiúnta na hÉireann; Ewa Sobanska, buaiteoir duaise, BA (Onór.) (Bainistíocht); Robert Watt, Ardrúnaí, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe; agus an Dr Brian Cawley, Ard-Stiúrthóir, an Foras Riaracháin.



FOR-ROCHTAIN

FOR-ROCHTAIN

Faoi mar a dúradh i dtuarascálacha bliantúla roimhe seo, is é an Foras an eagraíocht atá tiomnaithe d'fhorbairt ghairm na seirbhíse poiblí. Dá thoradh sin, bítear ag brath go leanúnach ar shaineolas foireann an Fhorais i slite eile seachas soláthar seirbhísí díreach. Ó am go chéile, feidhmíonn siad i bpoist cheannaireachta sna comhlachtaí gairmiúla lena mbaineann siad, chomh maith. Tá an tArd-Stiúrthóir ina bhall de ghréasán Eorpach ceannairí scoileanna agus institiúidí riaracháin poiblí san AE.

Tá cúigear ball foirne ina mbaill neamhfheidhmiúcháin de choistí iniúchóireachta roinnt ranna rialtais, údarás áitiúil agus comhlachtaí státurraithe; tá triúr díobh ag feidhmiú mar chathaoirleach agus leaschathaoirleach na gcoistí. Tá roinnt ball foirne ina n-ardoifigigh in Institiúid Chairte Airgeadais agus Cuntasáochta Poiblí agus in Institiúid Chairte Cuntasóirí Bainistíochta. De bhreis air sin, tá roinnt ball foirne ag feidhmiú mar rúnaithe coistí seachtracha ar nós coiste do chinn riaracháin i ngníomhaireachtaí stáit, é sin, nó tá siad ag fónamh ar bhoird chomhlachtaí cosúil leis an gComhairle um Phleanáil Scoir.

Déanann an Foras éascaíocht do roinnt líonraí neamhfhoirmiúla chun dea-chleachtas a scaipeadh agus eolas, taithí agus saineolas a roinnt. Mar shampla, tacaíonn an Foras le líonra príomhfheidhmeannaigh chomhlachtaí stáit, le líonra cinn riaracháin i ngníomhaireachtaí stáit agus le fóram do chathaoirligh ar ghrúpálacha éagsúla na hearnála poiblí.

Le linn 2014, d'óstaigh an Foras roinnt seimineár maidine chun comhrá agus plé a chur chun cinn i measc státseirbhíseach sinsearach agus fostaithe sinsearacha na seirbhíse poiblí ar cheisteanna tábhachtacha. Lena chois sin, foilsíodh trí eagrán de nuachtlitir leictreonach an Fhorais, ezine, le linn na bliana.

Reáchtáladh Comhdháil Náisiúnta Bhliantúil an Fhorais i bpáirt le hOifig Fear an Phobail ar an 7 Samhain. Is é an teideal a bhí uirthi ná *Held to Account: Responsibility and Accountability in the Public Service*. (Arna Choimeád Cuntasach: Freagracht agus Cuntasacht sa tSeirbhís Phoiblí.) Thug roinnt cainteoirí láithreoireachtaí: Peter Tyndall, Fear an Phobail agus Coimisinéir Faisnéise; Dame Beverley A. Wakem, Príomhfhear an Phobail, An Nua Shéalainn; Jane Tinkler, LSE Public Policy Group, Scoil Eacnamaíochta agus Eolaíochta Polaitiúla Londain; An Banbharún Nuala O'Loan, an chéad fhear an Phobail don Phóilíníú do Thuaisceart Éireann; agus Kevin Rafter, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.



RIALACHAS & RIALACHÁN AN FHOIRIS

RIALACHAS & RIARACHÁN AN FHOIRIS

Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta is ea an Foras Riaracháin, a ionchorpraíodh sa bhliain 1963. Feidhmíonn sé faoi choimirce na Roinne Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe, is eagraíocht neamhbhrabúis é a bhfuil stádas carthanais aige agus é faoi réir iniúchta reachtúil ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Lena cois sin tá sé ainmnithe mar ghníomhaireacht stáit neamhthráchtála.

Tá an Foras á rialú ag Bord – faoi chathaoirleacht Niamh O'Donoghue (Ardrúnaí na Roinne Coimirce Sóisialaí), faoi láthair. Bord is ea é ar a bhfuil ionadaithe tofa/ainmnithe ó earnálacha éagsúla an riaracháin poiblí, ó bhainistíocht agus ó fhoireann an Fhoirís, ón earnáil ollscoile agus na gceardchumann, mar aon le hionadaí thar ceann na mac léinn. Feidhmíonn an Bord trí chruinnithe a dhéantar a sceidealú go míosúil agus trí cinn d'fhochoistí buana Boird: An Coiste Airgeadais agus Straitéise, a phléann saincheisteanna faoi bhainistíocht airgeadais straitéiseach, oibreacha caipitiúla san áireamh; an Coiste Riaracháin, a dhéanann monatóireacht ar fheidhmíocht oibriúcháin ó lá go chéile, ar shaincheisteanna acmhainní daonna, srl, agus a reachtálann a chuid cruinnithe de réir mar a bhíonn gá leo; agus an Coiste Iniúchóireachta, a phléann le hiniúchóireacht, measúnú riosca agus gnóthaí rialachais. Ina theannta sin, tá Coiste Oideachais ann a chuireann comhairle ar fáil maidir le hoibríocht oideachais agus a dhéanann monatóireacht orthu, cúrsaí agus cáilíochtaí san áireamh, agus Coiste Foilsitheoireachta Leabhar, a thugann comhairle ar straitéis foilseachán.

Bíonn Uachtarán an Fhoirís i gceannas ar an gcruinniú cinn bliana agus bíonn tacaíocht aige ó roinnt leas-uachtarán. Ba é an tUas. Tom Considine, Ardrúnaí ar scor ón Roinn Airgeadais, Uachtarán an Fhoirís in 2014. Reachtáladh 51ú cruinniú cinn bliana an Fhoirís an 2 Iúil 2014. Tá ainmneacha na n-oifigeach oinigh, na gcomhaltaí Boird, chomh maith le hainmneacha comhaltaí fochoistí an Bhoird ar an taobh istigh de chlúdach tosaigh na tuarascála bliantúla seo.

TUARASCÁIL Ó CHATHAOIRLEACH AN CHOISTE INIÚCHÓIREACHTA

Tuairiscíonn Raymond Dolan:

Bhí ceithre chruinniú ag an gcoiste i gcaitheamh 2014. Chomhlíon sé a fheidhm trí tacú leis an mBord chun a chuid freagrachtaí maidir le rialachas corparáideach a chomhlíonadh. Áiríodh ar na gníomhaíochtaí a bhí ar bun againn le linn na bliana athbhreithniú a dhéanamh ar na Ráitis Airgeadais bliantúla, ar rialuithe airgeadais inmheánacha agus ar clár na rioscaí corparáideacha; monatóireacht ar chomhlíonadh an Chód Rialachais Stáit agus lámhleabhar rialachais chorparáidigh a tugadh cothrom le dáta a fhaomhadh; maoirseacht a dhéanamh ar chlár an iniúcháir inmheánaigh; agus a chinntiú go gcomhlíontar gach oibleagáid bhainteach eile. Ina theannta sin bhuail sé le hionadaí ar iniúcháir an Fhoirís - an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste.

TUARASCÁIL Ó CHATHAOIRLEACH AN CHOISTE AIRGEADAIS & STRAITÉISE

Tuairiscíonn Niamh O'Donoghue:

Bhí trí chruinniú ag an gcoiste i gcaitheamh na bliana. I bhfianaise seasamh airgeadais an Fhoirís a bheith ag cobhsú i gcónaí ó chor chun donais dúshlánach na heacnamaíochta ghabh an coiste air féin aird a dhíriú ar fhorbairt straitéiseach an ghnó. Rinne an coiste athbhreithniú ar nuashonruithe rialta ar phleananna gnó bliantúla 2014 de chuid an Fhoirís agus ar a dhul chun cinn ginearálta ar chur i ngníomh an phlean chorparáidigh straitéisigh 2011-2015. Lena chois sin d'fhaomh an coiste buiséad na bliana 2014 agus rinne athbhreithniú, thar ceann an Bhoird, ar na cuntais bhainistíochta agus réamh-mheastacháin airgeadais ráithiúla.

Anuas air seo chuir an coiste comhairle ar an mBord maidir le roinnt príomhcheisteanna straitéiseacha a tháinig chun cinn le linn na bliana. Áirítear orthu seo stádas an Fhoirís chun críocha soláthair poiblí (an stádas 'diólúine Teckal'), agus comhdhlúthú agus forbairt campas Bhóthair Lansdún.

TUARASCÁIL Ó CHATHAOIRLEACH AN CHOISTE RIARACHÁIN

Tuairiscíonn Niamh O'Donoghue:

Ós rud é nach dtagann an coiste seo le chéile ar nuair a bhíonn gá leis, ní raibh ach aon chruinniú amháin aige in 2014. Pléadh cúrsaí foirne.



AN DR CYRIL SULLIVAN

Stiúrthóir Airgeadais agus Seirbhísí Tacaíochta agus Rúnaí Cuideachta



CHRISTINE MCNALLY

Bainisteoir Acmhainní Daonna

BALLRAÍOCHT

Is é an Foras an comhlacht proifisiúnta d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí. Freastalaíonn sé orthu siúd sa tseirbhís phoiblí, ar údarás áitiúla an tseirbhís shláinte, comhlachtaí stáitmhaoinithe, an earnáil oideachais, an Garda Síochána agus na fórsaí cosanta. Coinnítear na baill ar an eolas faoi shaincheisteanna maidir le bainistíocht phoiblí trí rochtain a thabhairt dóibh ar fhaisnéisiú speisialta, ríomh-nuachtlitir agus an iris *Administration*. Lena chois sin tugtar lamháltais dóibh ar fhoilseacháin agus seirbhísí eile. Téitear i gcomhairle le baill faoi shaincheisteanna reatha maidir le bainistiú poiblí agus soláthar seirbhíse an Fhorais amach anseo. Ar an gcuma seo cuireann siad le forbairt ghairmiúil an Fhorais. Faoi láthair tá 69 mball corparáideacha ag an bhForas agus 1,800 ball aonair idir mhic léinn agus bhaill den phobail a chuireann suim ann.

TINREAMH AN BHOIRD 2014 - TIONÓLADH 6 CHRUINNÍÚ

AINM	AN LÍON CRUINNITHE I LÁTHAIR	NÓTAÍ
Elizabeth Adams	3	Ceaptha Meith. 2014
Mark Callanan	3	Ceaptha Meith. 2014
Brian Cawley	6	
Donal Connell	3	Scortha Meith. 2014
Raymond Dolan	2	
Breeda Doyle	3	Scortha Meith. 2014
David Feeney	5	
Jim Fleming	3	Scortha lúil 2014
Owen Keegan	2	Ceaptha Meith. 2014
Connie Kelleher	2	
Paul Lemass	2	Ceaptha Deir. Fómh. 2014
Michael Malone	0	Scortha Bealt. 2014
John McCarthy	3	Scortha Bealt. 2014
Brian Nolan	2	Scortha Meith. 2014
Peter Nolan	2	Scortha Meith. 2014
Niamh O'Donoghue	5	
Martin O'Halloran	5	
Siobhan O'Halloran	1	Ceaptha Meith. 2014
Caroline O'Regan	2	Ceaptha Deir. Fómh. 2014
Colin Scott	2	Ceaptha Meith. 2014
Julie Sinnamon	1	Ceaptha Meith. 2014
Frances Spillane	1	Scortha Meith. 2014

TINREAMH AN CHOISTE RIARACHÁIN 2014 - TIONÓLADH 1 CHRUINNIÚ

AINM	AN LÍON CRUINNITHE I LÁTHAIR	NÓTAÍ
Elizabeth Adams	1	Ceaptha Meith. 2014
David Feeney	0	
Niamh O'Donoghue	1	
Martin O'Halloran	1	Ceaptha Meith. 2014
Caroline O'Regan	1	Ceaptha Deir. Fómh. 2014

TINREAMH AN CHOISTE INIÚCHÓIREACHTA 2014 - TIONÓLADH 4 CHRUINNIÚ

AINM	AN LÍON CRUINNITHE I LÁTHAIR	NÓTAÍ
Elizabeth Adams	1	Ceaptha Meith. 2014
Raymond Dolan	3	
Jim Fleming	2	Scortha Iúil 2014
Connie Kelleher	2	
Brian Nolan	0	Scortha Meith. 2014
Siobhan O'Halloran	1	Ceaptha Meith. 2014
Colin Scott	2	Ceaptha Meith. 2014
Frances Spillane	0	Scortha Meith. 2014

TINREAMH AN CHOISTE AIRGEADAIS & STRAITÉISE 2014 - TIONÓLADH 3 CHRUINNÍÚ

AINM	AN LÍON CRUINNITHE I LÁTHAIR	NÓTAÍ
Mark Callanan	2	Ceaptha Meith. 2014
Brian Cawley	3	
Donal Connell	1	Scortha Meith. 2014
Breda Doyle	1	Scortha Meith. 2014
David Feeney	2	
Owen Keegan	2	Ceaptha Meith. 2014
Paul Lemass	2	Ceaptha Deir. Fómh. 2014
Michael Malone	0	Scortha Bealt. 2014
John McCarthy	1	Scortha Bealt. 2014
Niamh O'Donoghue	3	
Julie Sinnamon	1	Ceaptha Meith. 2014

BAINISTIÚ ACMHAINNÍ DAONNA

Sa bhliain 2014 rinneadh comhdhlúthú amháin eile tar éis uimhreacha a bheith laghdaithe. Ar an gcuma seo rinneadh foireann a athstruchtúráil agus a ath-implonú a bhí curtha i ngníomh i mblianta roimhe sin.

Críochnaíodh obair ar Phlean Lucht Saothair nua agus aontaíodh ag an mBord é. Sa phlean breithnítear riachtanais foirne an mheántearma don bhForas agus an saineolas speisialtóra a bhfuil gá leis mar chabhair chun freastal ar na héilimh agus dúshláin nua atá roimh ár gcliaint san earnáil phoiblí. Rinneadh roinnt athruithe foirne le linn 2014. Chuaigh ball amháin den bhfoireann ar scor agus d'fhill ball eile ó shos gairme. D'fhág ceathrar ball foirne an Foras agus, den chéad uair ó 2010, earcaíodh roinnt daoine nua. Cuireadh tús le hobair ar dhá thogra - earcaíocht theoranta intéirneach iarchéime chun tacú le saintograí straitéiseacha, agus an t-athstruchtúráil ar fheidhmeanna riaracháin i Scoil Whitaker of Government and Management agus an Rannóg Oilíúna.

Leanadh den obair ar nuashonrú beartas AD an Fhorais chun na hathruithe leanúnacha i mbeartais na hearnála poiblí agus deachleachtas a léiriú.

Bhí éileamh athnuaithe ar oiliúint agus forbairt. D'fhreastail roinnt ball foirne ar Theastas de chuid an Fhoras Riaracháin i Riarachán Gairmiúil - clár oilíúna intí atá saincheaptha chun freastal ar riachtanais ár gcuid foireann tacaíochta riaracháin. D'fhreastail deichniúr ball foirne san iomlán ar ranganna Gaeilge agus spreagadh an fhoireann agus tacaíodh leo chun freastal ar sheimineáir, comhdhálacha agus cúrsaí tríú leibhéal ábhartha eile.

Rinneadh trí nuachtlitir foirne agus bhí cruinnithe foirne míosúla ag tabhairt fóraim i gcónaí chun baill foirne a choinneáil bord ar bord agus plé a dhéanamh ar thopaicí inmheánacha agus faoin saol lasmuigh.



FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS

FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS

Leagtar amach sna ráitis airgeadais seo a leanas oibríocht airgeadais an Fhorais i leith na bliana go mionsonraithe. Tháinig faoiseamh ar na deacrachtaí trádála a bhí ag an bhForas le déanaí agus dá thoradh sin chobhsaigh a chúrsaí airgeadais tuilleadh in 2014. I comórtas le 2013 bhí méadú beag ar an ioncam oibríochta, €10.9m, síos ó €10.6m. Is ionann sin agus méadú 3%, nach mór. Bhí a bharrachas oibríochta níos fearr ná mar a bhíothas ag súil, is é sin, €419,676, i gcomparáid le €299,217 in 2013. Ba iad méadú ar ioncam ba mhó ba chúis leis an leibhéal barrachais seo. Ag an am céanna níor tháinig aon mhéadú ar chostais nó nár tháinig ach fórbheagán méadaithe orthu.

Bhí tuillimh an Fhorais comhdhéanta de sheirbhísí oiliúna agus idirnáisiúnta (27%), ioncam ó tháillí oideachais (39%), ioncam ó thaighde (3%), ioncam ó fhoilseacháin agus ó bhallaíocht (5%), scaoileadh deontais chaipitil (2%) agus deontas (24%) arna íoc ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ar an iomlán, baineann an méadú beag bliain i ndiaidh bliana go díreach le méaduithe ar na leibhéil ghníomhaíochta sa timpeallacht trádála neamhchinnte, go háirithe i réimse na gclárúcháin iarchéime. Ar an taobh eile, bhí struchtúr costais an Fhorais go mór mór á stiúradh ag costais dhíreacha agus neamhdhíreacha, costais phá agus costais seirbhísiú fiachais.

Cé gur éirigh go breá leis an bhForas a chuid costas neamhphá a laghdú ó 2008 agus gur éirigh leis clár laghdaithe costais phá a chur i ngníomh in 2012 agus 2013, coinníodh, mar a dúradh thuas, bunús costais an Fhorais go maith i gcaitheamh na bliana. Is go mór mór mar thoradh ar an athrú ar an tslí inar caitheadh le híocaíochtaí táille i leith foireann chomhlach an Fhorais a tháinig méadú ar thuarastail (ó €4.5m go €5.0m). Íocann an Foras na baill foirne seo trína chóras párolla anois seachas trí chuntais iníochta. Bhí tionchar atá bainteach leis seo ag an athrú seo ar chostais dhíreacha an Fhorais sa mhéid gur laghdaíodh iad ó €2.7m go €2.4m. Tar éis ciste pinsin faoi bhainistiú príobháideach a aistriú chuig an gcúlchiste Náisiúnta Pinsin in 2010, léirítear an ranníocaíocht pinsin bhliantúil mar 'ranníocaíocht leis an Státchiste' sna Ráitis Airgeadais. Tháinig laghdú air seo in 2014 go €1.44m. Leanann leibhéal na ranníocaíochta pinsin a íocann an fostóir mar a bhí roimhe (is é sin, 34.6% de thuarastail) agus aistriú an chiste chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean déanta.

Tá na costais mhaoinithe le haghaidh áis na hiasachta fadtéarmaí arna húsáid chun Uimh. 55, Bóthar Lansdún a cheannach (ceannaithe in 2006), bunaithe ar rátaí úis idirbhainc de chuid an Bhainc Cheannais Eorpaigh. Leanadar sin ar aghaidh ag bonn fóirseal le linn 2014. Dá thoradh sin gearradh ús bliana iomláine €30,556, i gcomparáid le €31,763 in 2013. Níor cuireadh aon mhóroibreacha caipitil i gcrích in 2014.

Maidir le bainistíocht airgeadais ar an iomlán, nuair a thógtar san áireamh na coinníollacha deacra trádála, d'éirigh leis an bhForas a chuid airgeadais a chobhsú le linn 2014 agus bhain sé barrachas maith oibríochta amach. Lena chois sin tá cúlchistí Clár Comhardaithe an Fhorais go maith i gcónaí le breis is €13.5m (is cosúil leis seo a bhí siad roimh 2005).

FEABHSÚCHÁIN AR NA CÓRAIS INMHEÁNACHA

Ar aon dul le straitéis chórais faisnéise an Fhorais, rinneadh tuilleadh forbairtí ar bhonneagar inmheánach TF idir chrua-earraí agus bhogearraí. Tá an-tábhacht ag baint i gcónaí le Córas Bainistíochta Airgeadais (FMS) an Fhorais Riaracháin mar phríomhthacaíocht chun réamh-mheastacháin chruinne a ullmhú go tráthúil don bhfoireann bainistíochta agus don Bhord. Nuashonraíodh príomhghnéithe de bhonneagair chórais an Fhorais le linn 2014, rud lena n-áirítear uasghrádú ar chórais stórála agus cúlaca an Fhorais. Mar bhall de Sheirbhís Tacaíochta TF de chuid an Údarás Ardoideachais (HEAnet) d'iarr an Foras ar HEAnet le linn na bliana cabhrú leis tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a chuid áiseanna leanúnachas gnó. Lena chois sin críochnaíodh mórobair forbartha ar chóras taifid mac léinn (a bheidh beo i lár 2015 de réir an sceidil). De bhreis air seo tá roinnt tograí eile idir lámha i réimsí na foghlama digití agus seachadadh seirbhís ghréasáin ar líne. De bhreis air seo reáchtáil an Stiúrthóir Airgeadais agus Seirbhísí Tacaíochta roinnt seisiúin feasachta airgeadais don bhfoireann ar fad chun a chinntiú go leanfaimid orainn ar fud an Fhorais ag díriú ar rialú airgeadais ardcháilíochta agus ar thuairisciú éifeachtach ar fhaisnéis bhainistíochta.

IONCHAIS AIRGEADAIS LE hAGHAIDH 2015

Mar a dúradh thuas chobhsaigh cúrsaí airgeadais an Fhorais tuilleadh in 2014 agus meastar go leanfaidh sin aghaidh in 2015. De réir mar atá cúrsaí go luath in 2015, tá buiséidithe ag an bhForas maidir le 2015 go bhfanfaidh a láimhdeachas mar a bhí ag €10.2m agus go mbeidh barrachas oibríochta €120,000 aige. Beidh an Foras Riaracháin ag leanúint air ag lorg deiseanna nua chun a bhunús ioncaim a choinneáil agus a chuid struchtúr costais pá agus neamhphá a chomhdhlúthú.

COMHLÍONADH

Chomhlíon an Foras a chuid oibleagáidí maidir le hairgeadas, cánachas agus rialáil le linn 2014 agus lean sé air ag déanamh athbhreithnithe ar a chuid struchtúir rialachais chorparáidigh agus iad a nuashonrú. Mar a luadh thuas, d'iarr an Foras cead ó na Coimisinéirí Ioncaim le linn 2014 a chuid socruithe íocaíochta maidir lena bhaill foirne chomhlacha a athrú agus fuarthas an cead sin. Mínítear an t-athrú sna nótaí leis na Ráitis Airgeadais (Nóta 6c).



RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2014

CLÁR ÁBHAR

STIÚRTHÓIRÍ & FAISNÉIS EILE	41
TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ MAIDIR LEIS AN BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2014	42
TUAIRISC AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS & CISTE	43
RÁITEAS AR RIALÚ AIRGEADAIS INMHEÁNACH	44
RÁITEAS MAIDIR LE BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA	46
RÁITIS AIRGEADAIS	47
NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS	52

STIÚRTHÓIRÍ & FAISNÉIS EILE

STIÚRTHÓIRÍ

N. O'Donoghue (Cathaoirleach)
 B. Cawley (Ard-Stiúrthóir)
 E. Adams (Ceaptha Meith. 2014)
 M. Callanan (Ceaptha Meith. 2014)
 D. Connell (Scortha Meith. 2014)
 R. Dolan
 B. Doyle (Scortha Meith. 2014)
 D. Feeney
 J. Fleming (Scortha Iúil 2014)
 O. Keegan (Ceaptha Meith. 2014)
 C. Kelleher
 P. Lemass (Ceaptha Deir. Fómh. 2014)
 M. Malone (Scortha Bealt. 2014)
 J. McCarthy (Scortha Bealt. 2014)
 B. Nolan (Scortha Meith. 2014)
 P. Nolan (Scortha Meith. 2014)
 M. O'Halloran
 S. O'Halloran (Ceaptha Meith. 2014)
 C. O'Regan (Ceaptha Deir. Fómh. 2014)
 C. Scott (Ceaptha Meith. 2014)
 J. Sinnamon (Ceaptha Meith. 2014)
 F. Spillane (Scortha Meith. 2014)

INIÚCHÓIRÍ

Ard-Reachtair Cuntas & Ciste
 Caisleán Bhaile Átha Cliath
 Baile Átha Cliath 2

ATURNAETHA

O'Donnell Sweeney Eversheds Solicitors
 Ardán Port an Iarla
 Baile Átha Cliath 2

RÚNAÍ AGUS OIFIG CHLÁRAITHE

Cyril Sullivan
 59 Bóthar Lansdún
 Baile Átha Cliath 4

PRÍOMH- BHAINCÉIRÍ

Banc Aontas Éireann,
 Lárionad Bainc, Droichead na Dothra
 Baile Átha Cliath 4

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ MAIDIR LEIS AN BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAG 2014

RÁITEAS MAIDIR LE FREAGRACHTAÍ NA STIÚRTHÓIRÍ

- Ceanglaíonn dlí cuideachtaí ar na stiúrthóirí Ráitis Airgeadais a ullmhú maidir le gach bliain airgeadais, ina dtugtar léargas fóircheart cothrom ar staid ghnóthaí na cuideachta agus ar bharrachas na cuideachta i leith na tréimhse sin. Agus na Ráitis Airgeadais sin á n-ullmhú ní mór do na stiúrthóirí:
 - Beartais chuntasáíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasmhach ansin;
 - Breithiúnais agus meastacháin réasúnta stuama a dhéanamh;
 - Sonrú cé acu ár cuireadh nó nár cuireadh na caighdeáin chuntasáíochta is infheidhme i bhfeidhm, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtar sna Ráitis Airgeadais agus a mhínítear iontu;
 - Na Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin mura cuí glacadh leis go leanfaidh an chuideachta ar aghaidh i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as taifid chuntais chuí a coinneáil ina léirítear go réasúnta cruinn am ar bith staid airgeadais na cuideachta agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go bhfuil na Ráitis Airgeadais de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963-2013. Tá siad freagrach leis, as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh dá réir, chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ

- Tá an Foras i mbun gníomhaíochtaí atá dírithe ar staidéar a chur chun cinn ar riarachán poiblí agus ar a chaighdeán a fheabhsú, ar tuiscint gairme a fhorbairt i bhfostaithe na seirbhíse poiblí agus ar comhthuiscint a chothú idir an pobal agus fostaithe na seirbhíse poiblí.

ATHBHREITHNIÚ AR FHORBAIRTÍ GNÓ AGUS AR FHORBAIRTÍ AMACH ANSEO

- Bhí an leibhéal gnó agus an staid airgeadais ag deireadh na bliana sásúil agus measann na stiúrthóirí go gcoinneofar an leibhéal gníomhaíochta atá againn faoi láthair ar a laghad, sa tréimhse atá amach romhainn.

TORTHAÍ

- Tá an cuntas ioncaim agus caiteachais le haghaidh na bliana agus an leithghabháil ina leith leagtha amach ar leathanach 47.

SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT

- Tá an ráiteas sábháilteachta riachtanach a éilítear de réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 forbartha ag an mBord.

RIALACHAS CORPARÁIDEACH

- De réir deialachais chorparáidigh, tá struchtúr coiste éifeachtúil bunaithe ag an mBord chun cabhrú le comhlíonadh a chuid freagrachtaí. Tá téarmaí tagartha foirmiúla atá faofa ag an mBord ag gach coiste, agus tuairiscíonn gach coiste don Bhord ar a ghníomhaíochtaí go tréimhsiúil. Ba iad na coistí a bhí ag feidhmiú an 31 Nollaig 2014 ná an Coiste Riaracháin, an Coiste Iniúcháireachta, agus an Coiste Airgeadais agus Straitéise. Déanann an bhainistíocht athbhreithniú bliantúil ar rioscaí oibriúcháin gnó, ar son an Bhoird.

TAIGHDE AGUS FORBAIRT

- Níl an chuideachta ag gabháil d'aon taighde agus forbairt thar a ceann féin.


LEABHAIR CHUNTAIS CHUÍ

- Chun a chinntiú go gcoimeádtar leabhair chuntais chuí de réir Ailt 202 d'Acht na gCuideachtaí, 1990, tá pearsanra atá cáilithe go cuí fostaithe agus cuirtear acmhainní cuí ar fáil d'fheidhm airgeadais na cuideachta. Tá na leabhair chuntais in oifig chláraithe na cuideachta ag 59 Bóthar Lansdún, Baile Átha Cliath 4.


INIÚCHÓIRÍ

- Tá an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste freagrach as cuntais na cuideachta a iniúchadh de réir Ailt 5 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Thar ceann an Bhoird



DAVID FEENEY



MARK CALLANAN

STIÚRTHÓIRÍ

12 Bealtaine 2015, Baile Átha Cliath

TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE LE CUR FAOI BHRÁID THITHE AN OIREACHTAS

AN FORAS RIARACHÁIN

Tá iniúchadh déanta agam ar Ráitis Airgeadais an Fhorais Riaracháin don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014 faoi Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais de réir na mbeartas cuntasáiochta atá leagtha amach iontu agus cuimsítear iontu an Ráiteas ar Bheartais Chuntasáiochta, an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas, an Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachan agus Cailteanas aitheanta, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus nótaí a ghabhann leo. Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais de réir na foirme atá leagtha amach in Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2013, agus de réir an Chleachtas Cuntasáiochta a nglactar go ginearálta leis in Éirinn.

FREAGRACHTAÍ NA STIÚRTHÓIRÍ

Tá na stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugtar léargas fíor cothrom iontu ar staid ghnóthaí na cuideachta agus ar a barrachas agus a heasnamh, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

FREAGRACHTAÍ AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

Tá mise freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisc a thabhairt ina dtaobh de réir an dlí is infheidhme.

Déanaimse m'iniúchadh trí thagairt do na breithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí stáit i ndáil lena mbainistíocht agus lena n-oibríocht.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (R.A. agus Éire) agus i gcomhréir le Caighdeán Eiticéil d'Iniúcháirí an Bhoird um Chleachtas Iniúchóireachta.

RAON FEIDHME AN INIÚCHTA AR NA RÁITIS AIRGEADAIS

Is é atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil faoi na méideanna agus faoina nochtar sna ráitis airgeadais ar leor iad chun cinnteacht réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid ina bonn leis. Áirítear air seo measúnú orthu seo a leanas:

- Cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na beartais chuntasáiochta oiriúnach do chúinsí na cuideachta agus ar cuireadh nó nár cuireadh i bhfeidhm iad go seasmhach agus ar nochtadh nó nár nochtadh go cuí iad;
- Réasúntacht meastachán cuntasáiochta suntasach a rinne na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú; agus
- Cur i láthair na ráiteas airgeadais ar an iomlán.

Chomh maith leis sin féachaimse le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn m'iniúchta.

Ina theannta sin léim Tuarascáil Bhliantúil na cuideachta chun neamhréireanna ábhartha leis na Ráitis Airgeadais iniúchta a aimsiú agus chun eolas ar bith a aimsiú atá mícheart i ndáiríre nó atá go mór ag imeacht, de réir dealraimh, ón eolas atá faighte agam agus mé i mbun m'iniúchta. Má thagaim ar aon mhíráitis nó neamhréireanna ábhartha dealraitheach breithnín na hiarmhairtí a bheadh i gceist maidir le mo thuairisc.

TUAIRIM MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Is í mo thuairim maidir leis na ráitis airgeadais:

- Go dtugtar iontu léargas fíor cruinn, de réir an Chleachtas Cuntasáiochta a nglactar go ginearálta leis in Éirinn, ar staid ghnóthaí na cuideachta ar an 31 Nollaig 2014 agus ar a barrachas do 2014; agus
- Gur ullmhaíodh iad i gceart de réir Acht na gCuideachtaí 1963-2013.

CÚRSAÍ A BHFUIL ORM TUAIRISCIÚ ORTHU DE RÉIR ACHTANNA NA GCUIDEACHTAÍ, 1963 GO 2013

Fuair mé an t-eolas agus na mínithe ar fad a mheasaim a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta. Is é mo thuairim go bhfuil leabhair chuntais chúí coinneithe ag an gcuideachta. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.


Is í mo thuairim go bhfuil an t-eolas a thugtar i dTuarascáil an Stiúrthóra ag teacht leis na Ráitis Airgeadais.

CÚRSAÍ A DTUAIRISCÍM ORTHU TRÍ EISCEACHT

Tuairiscím trí eisceacht:

- Má tugadh faoi deara i m'iniúchadh ásc ábhartha ar bith nár úsáideadh airgead chun na críocha a raibh sé beartaithe dóibh nó nach raibh idirbhearta déanta de réir na n-údarás a bhfuil siad á rialú acu; nó
- Mura bhfuil an t-eolas a thugtar i dTuarascáil Bhliantúil don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014 ag teacht leis na Ráitis Airgeadais; nó
- Mura léiríonn an Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach go bhfuil an Cód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit á chomhlíonadh ag an gcuideachta; nó
- Mura ndearnadh an nochtadh reachtúil maidir le luach saothair stiúrthóirí agus idirbhearta le stiúrthóirí; nó
- I má thugaim faoi deara cúrsaí ábhartha eile a bhaineann leis an ts lí inar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí a ndéantar tuairisciú orthu trí eisceacht.



PATRICIA SHEEHAN

LE HAGHAIDH AGUS THAR CEANN AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

13 Bealtaine 2015

RÁITEAS AR RIALÚ AIRGEADAIS INMHEÁNACH

Admhaíonn an Bord go bhfuil sé freagrach as córas rialaithe airgeadais an Fhorais Riaracháin. Admhaíonn sé leis, nach féidir le haon chóras rialaithe airgeadais ach cinnteacht réasúnta seachas cinnteacht iomlán a chur ar fáil, i gcoinne aon earráidí ábhartha. Tá na rialuithe inmheánacha airgeadais atá i bhfeidhm san Fhoras i rith 2014 leagtha amach anseo thíos.

Is iad seo a leanas na príomhnósanna imeachta atá curtha i bhfeidhm ag an mBord chun rialú airgeadais éifeachtach a thabhairt:

(A) AN TIMPEALLACAHT RIALAITHE

Tá céimeanna glactha ag an mBord chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm, mar seo a leanas:

- Nósanna imeachta foirmiúla a chur ar bun trí fheidhmeanna coiste éagsúla, chun monatóireacht a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí agus chun sócmhainní na heagraíochta a chosaint;
- Freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainiú agus a dhoiciméadú go soiléir;
- Cultúr láidir cuntasáíochta a fhorbairt thar gach leibhéal den eagraíocht.

Tá nósanna imeachta rialaithe airgeadais curtha ar fáil do gach ball foirne, lena n-áirítear nósanna imeachta soláthair agus nósanna imeachta maidir le féichiúnaithe agus creidiúnaithe.

Cuirtear teorainneacha caiteachais i bhfeidhm go docht maidir le gach leibhéal bainistíochta. Rinneadh athbhreithniú ar na teorainneacha seo a in 2013. Déanann Oifig Airgeadais an Fhorais monatóireacht ar an rialú seo, trí scrúduithe láimhe agus trí scrúduithe uathobrithe leictreonacha araon.

Tá feidhm scartha comhsheasmhach á cur i bhfeidhm maidir códú agus údarú ar fud aonad gnó an Fhorais agus tá monatóireacht go lárnach á déanamh air ag an Oifig Airgeadais.

Oibríonn an fheidhm soláthair le haghaidh caiteachais ar fhorchostais ar bhonn na gcaighdeán a aontaíodh leis an Stiúrthóir Airgeadais agus leis na Seirbhísí Tacaíochta agus tá sé faofa ag an Ard-Stiúrthóir agus ag an Bhord.

(B) RIOSCAÍ GNÓ AGUS IMPLEACHTAÍ AIRGEADAIS A AITHINT

Mar a dhéantar go bliantúil sa bhForas Riaracháin, rinneadh athbhreithniú riosca gnó le linn na bliana, a raibh grúpa den bhfoireann bainistíochta shinsearach bainteach leis. Díriodh aird ar na rioscaí suntasacha a bhí ann do ghnó an Fhorais Riaracháin agus ar na gníomhaíochtaí maolaithe a bhí riachtanach. Táthar ag tabhairt aghaidhe ar na rioscaí gnó a aithníodh san athbhreithniú trí phlean corparáideach an Fhorais a chur i bhfeidhm (clár rioscaí ar leibhéal corparáideach) ar an gcéad dul síos, agus tríd an bpróiseas pleanála gnó ina dhiaidh sin. Maidir le 2014, rinne an Bord athbhreithniú ar phleananna gnó an Fhorais i gceann gach leathbhliana agus ar a ghníomhaíochtaí bainistithe riosca ag gach cruinniú dá chuid. Maidir le 2014, déanfaidh gach rannóg gnó a cuid gníomhaíochtaí maolaithe riosca a shníomh isteach ina cuid pleananna gnó bliantúla mar a rinneadh roimhe.

(C) NA CÓRAIS FAISNÉISE

Ar chórais faisnéise an Fhorais áirítear pacáiste comhtháite cuntasáíochta bhainistíochta agus airgeadais darb ainm 'Integra'. Tá modúil chomhtháite leictreonacha le haghaidh rialú airgeadais ar an gcóras maidir le hioncam, caiteachas, féichiúnaithe, creidiúnaithe, ordú ceannaigh, párolla, taisteal agus liúntas cothaithe foirne agus sócmhainní seasta. Tá formhór na rialuithe próiseála faisnéise uathobrithe laistigh de na córais leictreonacha; i measc na rialuithe tá údarú cuí, deighilt dualgas agus scanadh doiciméad agus taifead bunaidh. Tá rialú próiseáil faisnéise an Fhorais á rialú ag sraith iomlán de nósanna imeachta rialaithe.

Lena chois sin, tá roinnt córas tacaíochta gnó comhtháite sa chóras bainistíochta airgeadais (FMS). Oibríonn Rannóg Foilsitheoireachta an Fhorais Riaracháin modúil um Próiseáil Orduithe Díolachán (SOP) ina bhfreastalaítear ar ordú díolachán, ar shonraisc agus ar rialú stoic. Baineann an Rannóg Oiliúna leas as córas comhtháite Riarachán agus Bainistíochta Oiliúna (TAMS) chun próiseas áirithintí agus sonraisc na gcliant a bhainistiú. Maidir lenár gcláir Oideachais, bainistíonn córas comhtháite Faisnéise agus Riaracháin Mac Léinn (SIAS) clárú mac léinn agus bailiú táillí.

(D) NÓSANNA IMEACHTA CHUN MONATÓIREACHT A DHÉANAMH AR ÉIFEACHT AN CHÓRAS RIALAITHE AIRGEADAIS

Ullmhaítear cuntais bhainistíochta mhíosúla ina gcuirtear ioncam agus caiteachas buiséadaithe i gcomparáid leis an ioncam agus caiteachas a tabhaíodh go hiarbhrí. Déanann an grúpa bainistíochta sinsearach athbhreithniú ar na cuntais seo. Déanann siad scrúdú mionsonraithe ar na hidirbhearta agus na gníomhaíochtaí is bonn leo d'fhonn iomláine agus cruinneas a chinntiú. Cuirtear na cuntais seo faoi bhráid an Bhoird agus faoi bhráid an Choiste Airgeadais agus Straitéise go ráithiúil.

Próiseas fairsing is ea an próiseas buiséadaithe bliantúil. Ceapann gach aonad buiséad mionsonraithe maidir le hioncam agus le caiteachas díreach, a ndéanann an Bord athbhreithniú agus faomhadh air. Ullmhaítear buiséid mhionsonraithe maidir le caiteachas caipitiúil chomh maith. De bhreis air sin, oibríonn an Foras córas forásach trí bliana buiséadaithe ilbhliantúil.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an bhForas ach déantar í a sheachfhoinsiú faoi láthair. Ullmhaítear clár iniúchóireachta mionsonraithe gach bhliain agus déanann an Bord é a fhaomhadh trína Choiste Iniúchóireachta. Déantar athbhreithniú leanúnach ar an bplean iniúchta inmheánaigh. Athbhreithníonn an Coiste Iniúchóireachta na tuarascálacha iniúchóireachta a ullmhaítear, lena n-áirítear moltaí a chur i bhfeidhm.

Déanann Rannóg Airgeadais an Fhorais monatóireacht ar idirbhearta ioncaim agus caiteachais chun a chinntiú go gcomhlíonann gach ceann de na haonaid ghnó na caighdeáin maidir le beachtas, bailíocht agus oiriúnacht.

(E) ATHBHREITHNIÚ BLIANTÚIL

Rinneadh athbhreithniú bliantúil ar rialuithe inmheánacha airgeadais an Fhorais a bhí i bhfeidhm i rith 2014. Rinne Bord an Fhorais athbhreithniú ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ag a chruinniú an 12 Feabhra 2015.

Thar ceann an Bhoird



NIAMH O'DONOGHUE
Cathaoirleach



BRIAN CAWLEY
Ard-Stiúrthóir

12 Bealtaine 2015, Baile Átha Cliath

RÁITEAS MAIDIR LE BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil arna mhodhnú le hathluacháil talún agus foirgneamh.

(A) IONCAM

Déantar ioncam a chur san áireamh ar bhonn infhaighteachta seachas suibscríbhinní. Cuirtear in ioncam iad nuair a fhaightear iad. Cuirtear táillí cúrsa san áireamh in ioncam táillí agus tugtar isteach in ioncam iad le linn tréimhse an chúrsa.

(B) SÓCMHAINNÍ SEASTA AGUS DÍMHEAS

Déantar sócmhainní seasta, foirgnimh san áireamh, a lua ag a gcostas stairiúil nó ag luacháil lúide dímhéas carnach. Déantar dímhéas a áireamh ar bhonn agus ar rátaí atá luaite thíos, a mheastar a laghdóidh na sócmhainní chuig luachanna inréadaithe faoi dheireadh a saolré oibre a bhfuil súil leis:

Foirgnimh ruilse	2%	De réir méid chothroim
Áitribh ar léas	2%	De réir méid chothroim
Troscán & Feistis	5%	De réir méid chothroim
Trealamh	10%	De réir méid chothroim
Leabhair Leabharlainne	20%	Iarmhéid laghdaitheach
Innill oifige	25%	De réir méid chothroim
Sócmhainní ar léas	33.3%	De réir méid chothroim
Foirgnimh réamhdhéanta	33.3%	De réir méid chothroim

Tosaíonn dímhéas sa bhliain ina dtosaítear ar úsáid a bhaint as an tsócmhainn. Ní dhéantar talamh a dhímheas. Níor ghlac an Foras le beartas athluachála; mar sin féin rinneadh sócmhainní áirithe a athluacháil sular glacadh le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 15 'Sócmhainní Seasta Inláimhsithe'. I gcomhréir le forálacha an chaighdeáin, choimeád an Foras na luachálacha seo mar a léirítear i Nóta 9.

(C) STOIC

Rinneadh stoic a luacháil, ar aon dul le blianta roimhe sin, ag a gcostas nó ag glanluach inréadaithe, cibé acu is lú. Tá soláthar déanta, nuair is gá, do stoc atá críon agus a ghluaiseann go mall.

(D) FEICHIÚNAITHE

Déantar drochfhíacha aitheanta a dhíscríobh agus déantar socrúithe ar leith i dtaobh aon suimeanna a mheastar nach dócha go mbaileofar iad.

(E) DEONTAIS CHAIPITIL

Caitear le deontais chaipitil a bhaineann le sócmhainní seasta mar chreidmheasanna iarchurtha agus déantar iad a amúchadh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais thar saolré úsáideach mheasta na sócmhainní.

(F) SÓCMHAINNÍ AR LÉAS

Déantar sócmhainní a shealbhaítear faoi léasanna airgeadais a chaipitliú agus a áireamh le sócmhainní faoi úinéireacht den chineál céanna sa Chlár Comhardaithe. Áirítear comaoineacha faoi léasanna airgeadais le dliteanais, déantar iad a anaillísiú idir dliteanais reatha agus dliteanais fadtéarmacha. Gearrtar íocaíochtaí a dhéantar faoi léasanna oibriúcháin ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais.

(G) COSTAIS PHINSIN

Tá scéim phinsin shochair shainithe i bhfeidhm do gach fostaí de chuid an Fhorais Riaracháin, mar is cuí. I gcomhréir le forálacha an Achta um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009, aistríodh sócmhainní ciste pinsin an Fhorais, a bhí tomhaiste ag luach cóir, go dtí an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean ar an 30 Meitheamh 2010. Tá an scéim phinsin i bhfeidhm i gcónaí le haghaidh na mball reatha gan aon tionchar ar a leasa ná ar sholáthar gaolmhar do bhaill.

Déantar dliteanais phinsin a thomhas ar bhonn achtúireach leis an modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid, agus léiríonn siad luach reatha íocaíochtaí pinsin amach anseo atá tuillte ag baill foirne go dtí seo. De réir na socrúithe maoinithe pinsin aithnítear sócmhainn arb ionann a mhéid agus an dliteanas seo agus léiríonn sé méideanna atá le n-aisicó i dtéarmaí amach anseo trí dheontas ón Oireachtas.

Cuimsíonn an muirear pinsin sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais ranníocaíocht an Fhorais atá iniúchta leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ó dháta an aistrithe de réir na socrúithe maoinithe.

RÁITIS AIRGEADAIS

RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2014

IONCAM	Nóta	2014 €	2013 €
Ioncam ó Tháillí	1	7,469,737	7,205,970
Díol Foilseachán	2	376,723	349,216
Sintiúis		260,065	281,793
Vóta 11 - Oifig an Aire Chaiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Deontas i gCabhair	3	2,654,000	2,654,000
Amúchadh an deontais chaipitil	13	149,823	149,823
		10,910,348	10,640,802

LÚIDE:
CAITEACHAS OIBRIÚCHÁIN

Costais dhíreacha	5	2,440,948	2,726,997
Costais tuarastail	6	5,047,970	4,519,932
Caiteachas Riaracháin	7	1,530,023	1,360,344
Ús iníoctha agus a leithéid de mhuirir		30,556	31,763
		9,049,497	8,639,036
Barrachas oibriúcháin don bhliain		1,860,851	2,001,766
Lúide ranníocaíocht an Státhiste maidir le pinsin	15c	(1,441,175)	(1,702,549)
Barrachas tar éis ranníocaíochta an Státhiste		419,676	299,217

RÁITEAS AR GHLUAISEACHTAÍ i mBARRACHAS CARNTHA

Barrachas carntha amhail an 1 Eanáir 2014		520,555	221,338
Barrachas don bhliain		419,676	299,217
BARRACHAS CARNTHA AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2014		940,231	520,555

Baineann an barrachas don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014 le gníomhaíochtaí leantacha.


RÁITEAS MAIDIR LE hIOMLÁN NA nGNÓTHACHAN AGUS NA gCAILLTEANAS AITHEANTA

	2014 €	2013 €
Barrachas don bhliain	419,676	299,217
Iomlán na nGnóthachan Aitheanta sa bhliain	419,676	299,217

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na beartais chuntasaíochta ar leathanach 46 agus na nótaí ar leathanaigh 52 go 60.



MARK CALLANAN
Ball an Bhoird



DAVID FEENEY
Ball an Bhoird

RÁITIS AIRGEADAIS

AN CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2014

SÓCMHAINNÍ SEASTA	Nóta	€	2014 €	€	2013 €
Sócmhainní inláimhsithe	9		15,850,253		16,235,336

SÓCMHAINNÍ REATHA

Stoic	8	111,772		122,263	
Feichiúnaithe	10	1,388,682		1,516,232	
Airgead sa bhanc agus ar láimh		1,993,107		1,467,714	

3,493,561

3,106,209

CREIDIÚNAITHE

Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin	11	2,691,781		2,701,508	
---	----	-----------	--	-----------	--

Glanshócmhainní/(Dliteanas) reatha

801,780

404,701

Iomlán na Sócmhainní lúide dliteanas reatha

16,652,033

16,640,037

Áis morgáiste 20 bliain

11

(3,137,117)

(3,394,974)

Iomlán na sócmhainní lúide dliteanas

13,514,916

13,245,063

Dliteanas pinsin fadtéarmach

15(a)

(58,152,000)

(52,883,000)

Sócmhainn pinsin iarchurtha

15(a)

58,152,000

52,883,000

Glanshócmhainní

13,514,916

13,245,063

CAIPITEAL AGUS CÚLCHISTÍ

Cúlchistí	14		11,761,548		11,761,548
Barrachas carntha ar Chuntas Ioncaim agus Caiteachais	14		940,231		520,555
Deontais Chaipitil	13		813,137		962,960


13,514,916

13,245,063

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na beartais chuntasaíochta ar leathanach 46 agus na nótaí ar leathanaigh 52 go 60.



MARK CALLANAN
Ball an Bhoird



DAVID FEENEY
Ball an Bhoird

RÁITEAS SREABHADH AIRGID DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2014RÉITEACH BARRACHAS OIBRIÚCHÁIN LE
GLAN-INSREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ
OIBRIÚCHÁIN

	€	2014 €	€	2013 €
Barrachas oibriúcháin tar éis ranníocaíochta an Stáitchiste		419,676		299,217
Ús glan	30,556		31,763	
Dímheas	579,027		549,009	
Amúchadh Deontas	(149,823)		(149,823)	
Laghdú ar Stoc	10,491		31,237	
Laghdú/(Méadú) ar Fheichiúnaithe	127,550		(138,120)	
Laghdú ar Chreidiúnaithe	(9,727)		(4,771)	
	588,074		319,295	
Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		1,007,750		618,512

RÁITEAS SREABHADH AIRGID

Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		1,007,750		618,512
---	--	-----------	--	---------

FÁLTAS AS INFHEISTÍOCHTAÍ AGUS SEIRBHÍSIÚ AIRGEADAIS

Ús íochta		(30,556)		(31,763)
-----------	--	----------	--	----------

SREABHADH AIRGID AS GNÍOMHAÍOCHTAÍ INFHEISTÍOCHTA

Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a cheannach		(193,944)		(148,855)
---	--	-----------	--	-----------

SREABHADH AIRGID AS GNÍOMHAÍOCHTAÍ
AIRGEADAITHE

Laghdú ar áis mhorgáiste 20 bliain		(257,857)		(255,734)
------------------------------------	--	-----------	--	-----------

Méadú ar airgead sa bhliain		525,393		182,160
------------------------------------	--	----------------	--	----------------

RÁITEAS SREABHADH AIRGID DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2014 (ar leanúint)

RÉITEACH AN AIRGID GHLAIN LE GLUAISEACHT I NGLANFHIACHAIS

2014
€2013
€

Méadú ar airgead		525,393		182,160
Laghdú ar áis mhorgáiste 20 bliain		257,857		255,734

Gluaiseacht i nglanfhiachas sa bhliain		783,250		437,894
Glanfhiachas amhail 1 Eanáir		(1,927,260)		(2,365,154)

Glanfhiachas amhail 31 Nollaig		(1,144,010)		(1,927,260)
---------------------------------------	--	--------------------	--	--------------------

ANAILÍS AR ATHRUITHE AR GHLANCHISTÍ/(FHIACHAIS)


	Amhail 31 Nollaig 2013	Sreafaí airgid	Amhail 31 Nollaig 2014
Airgead ar láimh/sa bhanc	1,467,714	525,393	1,993,107
Áis morgáiste 20 bliain	(3,394,974)	257,857	(3,137,117)

Iomlán	(1,927,260)	783,250	(1,144,010)
---------------	--------------------	----------------	--------------------

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na beartais chuntasaíochta ar leathanach 46 agus na nótaí ar leathanaigh 52 go 60.



MARK CALLANAN
Ball an Bhoird



DAVID FEENEY
Ball an Bhoird

RÁITIS AIRGEADAIS

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS – 31 NOLLAIG 2014

1. IONCAM Ó THÁILLÍ	2014 €	2013 €
Oiliúint	2,899,519	2,974,570
Oideachas	4,280,968	3,959,600
Taighde	289,250	271,800
	7,469,737	7,205,970

2. DÍOL FOILSEACHÁN

Ioncam as foilseacháin an Fhorais Riaracháin	376,723	349,216
--	---------	---------

3. DEONTAS I GCABHAIR

Fuarthas €2,750,000 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Míniódh €96,000 den méid sin trí shuibscríbhinní agus ba dheontas i gcabhair €2,654,000 de. Ba í an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chuir an deontas seo ar fáil i leith dliteanas faoi chaiteachas ginearálta neamhphá agus tarraingíonn an Foras anuas é ar bhonn bliantúil.

4. BARRACHAS OIBRIÚCHÁIN

Luaitear an barrachas oibriúcháin tar éis iad seo a leanas a chur chun dochair nó chun sochair.

	2014 €	2013 €
(A) LUACH SAOTHAIR NA STIÚRTHÓIRÍ:		
Ní íoctar táillí le baill Bhord an Fhorais Riaracháin. Cé nach ndéanann baill an Bhoird aon taisteal ar ghnó oifigiúil mar bhaill den Fhoras, tá siad i dteideal costais taistil agus cothú a fháil as a bheith i láthair ag cruinnithe Boird agus fochoistí. Maidir le 2014, níor éiligh ach ball amháin (R. Dolan) costais €608 maidir le taisteal agus cothú.		
(B) Luach saothair an Ard-Stiúirthóra (lena n-áirítear tuarastal (€175,407), ÁSPC fostóra (€17,110) agus ranníocaíocht i leith pinsin (€63,848). Ní sháraíonn teidlíochtaí pinsin an Ard-Stiúirthóra na gnáththeidlíochtaí atá i bhfeidhm i scéim aoisliúntais na hearnála poiblí. Ba é €4,144 costais taistil agus cothabhála an Ard-Stiúirthóra i 2014.	256,365	262,962
(C) Luach saothair an Iníúcháir	17,000	18,000
(D) Dímhéas (Glan de dhiúscairtí)	579,027	549,009
(E) Ús le n-íoc ar shuimeanna atá le n-aisíoc laistigh de thréimhse atá níos mó ná cúig bliana	30,556	31,763
(F) Deontas caipitil arna amúchadh	(149,823)	(149,823)

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS – 31 NOLLAIG 2014 (ar leanúint)

5. ANAILÍS AR CHOSTAIS DHÍREACHA	2014 €	2013 €
Oiliúint	764,984	852,748
Oideachas	1,406,394	1,624,572
Foilseacháin	185,195	180,190
Taighde	38,733	32,777
Costais ghinearálta	45,642	36,710
	2,440,948	2,726,997

6. EOLAS FAOI FHOSTAITHE

(A) Tugtar anailís thíos ar mheánlíon fostaithe buana na cuideachta le linn na bliana, stiúrthóirí lánaimseartha san áireamh.

Oiliúint	23	23
Oideachas	26	26
Foilseacháin	4	4
Taighde	4	4
Costais ghinearálta	22	21
	79	78

(B) Cuimsíonn costais tuarastail na cuideachta do na fostaithe go léir:

Tuarastail agus pá	4,176,243	3,936,573
Foireann chomhlach	359,284	-
Costais Árachais Shóisialta	446,993	507,370
Plean Leanúnachas Ioncaim	65,450	75,989
	5,047,970	4,519,932

Baineadh tobhach pinsin €312,145 (2013: €354,970) as agus íocadh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é.

Mar thoradh ar athlonnú baill foirne a rinne an Foras le linn 2012, tá roinnt baill foirne ar iasacht. Maidir le 2013 rinneadh aisghabháil tuarastail ó bhail foirne ar iasacht, an ranníocaíocht phinsin aisghafa san áireamh, a ghlanluacháil i gcoinne an mhuirear tuarastail. In 2014 níor fhritháiríodh gné an ranníocaíocht phinsin i gcoinne na dtuarastal ach mínítear ar leithligh í agus íoctar leis an Státchiste í.

(C) D'athraigh an Foras Riaracháin a chuid socrúithe íocaíochta dá chuid ball foirne léachtóireachta comhlacha. Cuireadh ar an bpárolla iad in 2014. Chuimsigh caiteachas maidir le foireann chomhlach in 2014 arb é €359,284 san iomlán é, na méideanna seo a leanas: €232,596 trí phárolla agus €126,688 chuig na Coimisinéirí Ioncaim mar shocrú cánach trí nochtadh deonach gan iarraidh. De ghnáth dhéanadh an Foras Riaracháin íocaíochtaí le foireann chomhlach gan ÍMAT/ÁSPC a bhaint as agus chuirtear sonraí íocaíochtaí a rinneadh leis na Coimisinéirí Ioncaim ar fáil ar thuairisceáin chánach ábhartha. Le linn 2014, tar éis soiléiriú a fháil ó na Coimisinéirí Ioncaim, thosaigh an Foras ar íocaíochtaí a thabhairt don bhfoireann seo tríd an ngnáthchóras párolla. I mí Mheán Fómhair 2014 rinne an Foras Riaracháin nochtadh deonach gan iarraidh maidir le híocaíochtaí a bhaineann le hÁSPC fostóra le foireann chomhlach le linn 2013 agus 2014. Sa nochtadh seo bhí ÁSPC fostóra dar luach €117,899, ús €8,799 agus pionóis €2,162. Ghlac na Coimisinéirí Ioncaim le socrú €126,688 mar ní raibh feidhm ag an gné pionóis de bharr go ndearnadh an nochtadh go deonach.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - 31 NOLLAIG 2014 (ar leanúint)

7. ANAILÍS AR CHOSTAIS RIARACHÁIN	2014 €	2013 €
Deisithe, glanadh, cothabháil	294,707	286,940
Dímheas	579,027	549,009
Stáiseanóireacht agus fótachóipeáil	107,951	107,676
Solas, teas, guthán	157,344	117,477
Postas	63,620	54,070
Árachas	21,030	23,554
Gnóthaí Corparáideacha agus Margaíocht	188,421	91,778
Forbairt Foirne	27,304	29,793
Costais ghinearálta	90,619	100,047
	1,530,023	1,360,344

8. STOIC

Stáiseanóireacht agus leabhair	111,772	122,263
--------------------------------	---------	---------

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS – 31 NOLLAIG 2014 (ar leanúint)

9. SÓCMHAINNÍ SEASTA, SÓCMHAINNÍ INLÁIMHSITHE	Talamh agus Foirgnimh ^(a)	Meaisíní Oifige	Feistis, Trealamh & Leabhair Leabharlainne	Iomlán
	€	€	€	€
COSTAS NÓ LUACHÁIL (AMHAIL 1 EANÁIR 2014)				
Costas	13,047,369	1,750,982	2,641,666	17,440,017
Athluacháil 1975	177,763			177,763
Athluacháil 1999	7,382,114			7,382,114
	20,607,246	1,750,982	2,641,666	24,999,894
Breiseanna		158,899	35,045	193,944
Amhail 31 Nollaig 2014	20,607,246	1,909,881	2,676,711	25,193,838
DÍMHEAS				
Amhail 1 Eanáir 2014	4,937,478	1,670,553	2,156,527	8,764,558
Muirir don bhliain	410,365	94,942	73,720	579,027
Amhail 31 Nollaig 2014	5,347,843	1,765,495	2,230,247	9,343,585
GLANLUACH NA LEABHAR				
Amhail 31 Nollaig 2014	15,259,403	144,386	446,464	15,850,253
GLANLUACH NA LEABHAR				
Amhail 31 Nollaig 2013	15,669,768	80,429	485,139	16,235,336

Nóta (a) Sceideal Réadmhaoine agus an Cineál

Sealúchais 57-61 Bóthar Lansdún	Ruílse
49-51 Bóthar Lansdún	Ruílse
55 Bóthar Lansdún	Ruílse
Halla Vergemount, Cluain Seach	Comhaontú Ceadúnais le Cíos Ainmniúil

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - 31 NOLLAIG 2014 (ar leanúint)

10. FEICHIÚNAITHE AGUS RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ	2014 €	2013 €
Feichiúnaithe trádála	1,373,660	1,506,232
Réamhíocaíochtaí agus Ioncam fabhráithe	15,022	10,000
(Ríomhtar féichiúnaithe trádála glan ó sholáthar drochfhiacha €40,000 (2013: €40,000).)	1,388,682	1,516,232

11. CREIDIÚNAITHE AGUS FABHRUITHE

(A) Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin

Creidiúnaithe trádála	323,338	153,435
Ioncam iarchurtha ó tháillí	1,746,860	2,043,990
Pinsin Státhiste (Nóta 15c)	188,121	147,027
Creidiúnaithe agus Fabhrúithe éagsúla	210,702	177,835
ÍMAT/ÁSPC	222,760	179,221
	2,691,781	2,701,508

(B) Áis iasachta fhadtéarmach

€5m Áis 20-Bliain ag Ráta athraitheach	3,137,117	3,394,974
--	-----------	-----------

12. INFHEISTÍOCHTAÍ GEARRTHÉARMACHA

Ní raibh aon airgead infheistíochta gearrthearma ann in 2014.

13. DEONTAIS CHAIPITIL

Amhail 1 Eanáir	962,960	1,112,783
Méid arna amúchadh chuig ioncam sa bhliain	(149,823)	(149,823)
Amhail 31 Nollaig	813,137	962,960

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS – 31 NOLLAIG 2014 (ar leanúint)

14. CÚLCHISTÍ

	Cúlchiste Caipitil	Cúlchiste Ioncaim	Barrachas carntha ar Ioncam agus Caiteachas	Iomlán
	€	€	€	€
Amhail 1 Eanáir 2014	8,366,574	3,394,974	520,555	12,282,103
Aistriú chuig Cúlchistí caipitil	257,857	(257,857)	-	-
Barrachas ar Chuntas ioncaim agus caiteachais	-	-	419,676	419,676
Amhail 31 Nollaig 2014	8,624,431	3,137,117	940,231	12,701,779

Cuimsíonn clár comhardaithe an Fhorais an cúlchiste caipitil, cúlchiste ioncaim agus cúlchiste barrachais carnach ar ioncam agus caiteachas. Coinnítear an cúlchiste caipitil chun maoiniú a dhéanamh ar fhorbairt bhonneagar foirgnimh an Fhorais; freastalaíonn an cúlchiste ioncaim ar phríomhshuim na háise fadtéarmaí fiacha morgáiste agus úsáidtear an cúlchiste barrachais carnach chun maoiniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí oibriúcháin leanúnacha.

15. PINSIN

(A) Dlíteanas agus Sócmhainn Phinsin

Faoi mar atá mínithe i mBeartas Cuntasaíochta (g) thuas aistríodh ciste pinsean an Fhorais go dtí an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean ar 30 Meitheamh 2010 i gcomhréir leis an Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Éagsúla), 2009. Tar éis sócmhainní na scéime a aistriú, ní mór don bhForas ranníocaíocht bhliantúil a íoc leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe tar éis na pinsin atá dlite le haghaidh íocaíochta a chur san áireamh. Cuirfidh an Roinn maoiniú ar fáil sa chás go mbíonn na pinsin a íoctar níos mó ná an ranníocaíocht. Ghlac an Bord le láimhseáil agus nochtadh mar is gá faoin gcaighdeán cuntasaíochta Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17 (Sochair Scoir) chun na socrúithe atá i bhfeidhm a léiriú. Cé go bhfeidhmíonn an socrú maoinithe ar bhonn glanphá leis an Roinn, creideann an Foras gurb ionann nádúr an tsocrúithe agus aisíocaíocht iomlán na ndlíteanas pinsin nuair a thagann an t-am chun na dlíteanas sin a íoc, agus ar an ábhar sin aithníonn sé an ceart atá aige i leith na haisíocaíochta mar shócmhainn ar leith a bheadh cothrom leis an dlíteanas ag deireadh na bliana.

Is é an dlíteanas pinsin FRS17 a bhí ann an 31 Nollaig 2014 ná €58,152,000 (2013: €52,883,000) bunaithe ar luacháil achtúireach na ndlíteanas pinsin maidir le foireann an Fhorais an 31 Nollaig 2014, a rinne achtúire cáilithe neamhspleách chun críche FRS 17. Tá sócmhainn mhaoinithe iarchurtha dar luach €58,152,000 ann atá cothrom leis an dlíteanas an 31 Nollaig 2014 agus aithnítear í mar shócmhainn ar leith sa Chlár Comhardaithe.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS – 31 NOLLAIG 2014 (ar leanúint)

GLUAISEACHT I NDLITEANAS PINSIN	2014 € '000	2013 € '000
LUACH REATHA OIBLEAGÁIDÍ NA SCÉIME AG TOSACH NA BLIANA	52,883	50,200
Costas seirbhíse reatha	780	880
Ranníocaíochtaí ó rannpháirtithe an phlean	63	78
Costas úis	2,014	2,015
Gnóthachas/Caillteanas Achtúireach	3,874	1,162
Sochair íochta	(1,462)	(1,340)
Costais íochta	-	(112)
LUACH REATHA OIBLEAGÁIDÍ NA SCÉIME AG DEIREADH NA BLIANA	58,152	52,883
SÓCMHAINN PHINSIN	58,152	52,883

Tá an ghlan-éifeacht ar Ioncam agus Chaiteachas os cionn nialas.

(B) COSTAS PINSIN ATÁ AITHEANTA SA RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

Ós rud é gur aistríodh sócmhainní an chiste chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean in 2010, níl aon chostas pinsin aitheanta sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais do 2013. Bhí an scéal mar an gcéanna maidir le 2012. Bhí an scéal mar an gcéanna maidir le 2012.

(C) RANNÍOCAÍOCHT LEIS AN STÁTCHISTE MAIDIR LE PINSIN

I gcomhréir leis na socruithe atá leagtha amach i nóta 15a tá ar an bhForas ranníocaíocht bhliantúil a dhéanamh leis an Státchiste maidir le pinsin. Tá an ranníocaíocht socraithe ag 34.6% de mhuirear párolla an Fhorais agus cuimsíonn sé ranníocaíocht €1.6m ón Fhoras (2012: €1.7m) mar aon le ranníocaíochtaí €99,600 (2013:€114,428) ó fhostaithe.

Déanann an Foras íocaíochtaí pinsin agus íocaíochtaí gaolmhara thar ceann an Státchiste agus ríomhtar an méid atá iníochta leis an Státchiste tar éis íocaíochtaí den sórt seo a chur san áireamh.

Tá méideanna atá iníochta leis an Státchiste sonraithe thíos:

	2014 (€)		2013 (€)	
Iarmhéid 1 Eanáir		147,027		30,884
Foireann an Fhorais (Ach amháin foireann ar iasacht)	1,441,175		1,430,285	
Foireann ar iasacht	176,515		272,264	
Iomlán Ranníocaíocht an Fhorais ¹		1,617,690		1,702,549
Ranníocaíochtaí ó fhostaithe		99,650		114,428
Íocaíochtaí Pinsin agus íocaíochtaí gaolmhara		(1,576,246)		(1,450,834)
Íocaíochtaí leis an Státchiste		(100,000)		(250,000)
Iarmhéid 31 Nollaig		188,121		147,027

Nóta 1: Mar thoradh ar athlonnú foirne a rinne an Foras in 2012 tá roinnt ball foirne ar iasacht. Déanann an Foras an ranníocaíocht phinsin riachtanach leis an Státchiste thar a gceann (2014: €176,515; 2013: €272,264). Maidir le 2013 rinneadh aisghabháil tuarastail ó bhaill foirne ar iasacht, an ranníocaíocht phinsin aisghafa san áireamh, a ghlanluacháil i gcoinne an mhuirear tuarastail. In 2014 níor fhritháiríodh gné an ranníocaíocht phinsin i gcoinne na dtuarastail ach mínítear ar leithligh i agus íoctar leis an Státchiste i.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS – 31 NOLLAIG 2014 (ar leanúint)

(D) CUR-SÍOS AR AN SCÉIM AGUS BOINN TUISCEANA ACHTÚIREACHA

Is é atá sa scéim pinsean ná socrú pinsin sochair sainithe a bhaineann leis an tuarastal deiridh agus ina sainítear na sochair trí thagairt do rialacháin reatha a ghabhann le scéim na hearnála poiblí. Soláthraíonn an scéim pinsean (in ochtóduithe in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (i dtí ochtóduithe in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsean do chéilí agus do leanaí. Is é an ghnáthaois scoir ná 65ú breithlá an bhaill. Téann pinsin atá á n-íoc (agus á n-iarchur) i méid de ghnáth i gcomhréir le boilsciú ginearálta tuarastail san eanáil phoiblí. Cuirtear an cleachtas reatha maidir le pinsin a mhéadú i gcomhréir le boilsciú tuarastail san eanáil phoiblí san áireamh agus an oibleagáid maidir le sochar sainithe á meas.

Ba iad seo a leanas na toimhdí airgeadais a úsáideadh chun críche FRS 17:

	Ag deireadh na bliana 31/12/2014	Ag deireadh na bliana 31/12/2013
Ráta méadaithe i dtuarastail	2.50%	3.00%
Ráta méadaithe i bpinsin in íocaíochtaí	3.00%	3.00%
Ráta méadaithe i bpinsin atá á n-iarchur	2.50%	3.00%
Ráta lascaine	2.10%	3.80%
Boilsciú	1.50%	1.90%

Is iad na príomhthoimhdí básmhaireachta a úsáideadh agus meastachán á dhéanamh ar luach achtúireach:

Meánionchas saoil ualaithe do tháblaí básmhaireachta a úsáideadh chun oibleagáidí sochair a chinneadh amhail an 31 Nollaig 2014:

	Ag deireadh na bliana 31/12/2014	Ag deireadh na bliana 31/12/2013
Ball fireann in aois 65 (lonchas saoil reatha)	22.7	23.3
Ball baineann in aois 65 (lonchas saoil reatha)	24.7	24.7
Ball fireann in aois 45 (lonchas saoil in aois 65)	24.9	25.9
Ball baineann in aois 45 (lonchas saoil in aois 65)	27.0	26.9
Ball fireann in aois 40 (lonchas saoil in aois 65)	25.5	26.4
Ball baineann in aois 40 (lonchas saoil in aois 65)	27.6	27.4

Tá an toimhde básmhaireachta thuas i gcomhréir leis an tábla caighdeánach, rud a cheadaíonn feabhsuithe réamh-mheasta. Is ionann na toimhdí thuas agus na cinn a úsáideadh i nochtadh na bliana seo caite.

(E) MAOINIÚ PINSIN

Measann an Foras Riaracháin go n-íocfaidh sé €1.7m leis an Stáitchiste in 2015.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS – 31 NOLLAIG 2014 (ar leanúint)

16. RÉADMHAOIN RUÍLSE AGUS RÉADMHAOIN AR LÉAS DE CHUID AN FHOIRIS RIARACHÁIN

557-61 Bóthar Lansdún	Ruílse
49-51 Bóthar Lansdún	Ruílse
55 Bóthar Lansdún	Ruílse
Halla Vergemount, Cluain Seach	Comhaontú Ceadúnais le Cíos Ainmiúil

17. LEASANNA COMHALTAÍ AN BHOIRD

Ghlac an Bord leis na nósanna imeachta de réir an Chóid Chleachtais (2009) athbhreithnithe um Rialachas Comhlachtaí Stáit maidir le nochtadh leasanna comhaltaí Boird agus cloíodh leis na nósanna imeachta le linn na bliana. Ní raibh aon idirbhearta ann le linn na bliana maidir le gníomhaíochtaí an Bhoird ina raibh aon leas tairbhiúil ag na baill.

18. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

D'fhaomh Bord an Fhoirís na Ráitis Airgeadais ar an 12 Bealtaine 2015.

BAINISTÍOCHT SHINSEARACH AN FHOIRIS



AN DR BRIAN CAWLEY

Ard-Stiúrthóir
bcawley@ipa.ie



AN DR MICHAEL MULREANY

Ard-Stiúrthóir Cúnta, Oideachas agus Taighde
mmulreany@ipa.ie



AN DR CYRIL SULLIVAN

Stiúrthóir, Airgeadas agus Seirbhísí Tacaíochta, agus Rúnaí Cuideachta
csullivan@ipa.ie



TERESA CASSERLY

Stiúrthóir, Ceannaireacht agus Bainistíocht, agus Seirbhísí Idirnáisiúnta
tcasserly@ipa.ie



AIDAN HORAN

Stiúrthóir, Acmhainní Daonna, Teicneolaíocht Faisnéise agus Seirbhísí Airgeadais, agus Seirbhísí Forbartha Gnó
ahoran@ipa.ie



AN DR RICHARD BOYLE

Ceann Taighde, Foilsitheoireachta agus Caidreamh Corparáide
rboyle@ipa.ie



CHRISTINE MCNALLY

Ceann Acmhainní Daonna
cmcnally@ipa.ie